Bord Oideachais agus
Oiliúna Lú agus na Mí
Louth and Meath Education
and Training Board

Tuarascáil Bhliantúil 2015

lmetb

Clár an Ábhair

1. *Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí - BOOLM*

- Réamhrá ón gCathaoirleach
- Brollach ón bPríomhfheidhmeannach
- Ráiteas Misin, Luachanna, Spriocanna
- Bord an BOOLM
- Rialachas Corparáideach
- Struchtúir na hEagraíochta
- Léargas Ginearálta agus Résumé ar na Seirbhísí
- Na Buaicphointí

2. *Rannóga na Príomhoifige*

- Airgeadas
- Acmhainní Daonna
- Seirbhísí Corparáideacha & Oideachais

3. *Scoileanna agus Coláistí*

4. *Breisoideachas*

5. *Oiliúint*

Réamhrá ón gCathaoirleach

Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí do 2015 a chur faoi bhur mbráid. Sa tuarascáil seo clúdaítear an tréimhse ón 1ú Eanáir go dtí an 31ú Nollaig 2015, agus is é an dara Tuarascáil Bhliantúil é den chomhlacht nua – Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí.

Chonaic BOOLM fás suntasach ina scoileanna, cláir agus seirbhísí. Méadaíonn líon na scoláirí bliain ar bhliain mar a tharlaíonn do cheapacháin foirne agus forbairtí ar scoileanna. Is é BOOLM an soláthraí is mó de sheirbhísí oideachais agus oiliúna san Oirthuaisceart agus tá beagnach 12,000 scoláire ag an 2ú leibhéal agus ag leibhéal na hIar-Ardteistiméireachta, agus tuairim is 10,000 mac léinni gCláir d'Aosaigh, cláir Ionaid Oiliúna agus Ógtheagmhála. Tá Ionad Scileanna Réigiúnacha agus Oiliúna atá ag fás ag an BOOLM agus tá soláthar Oideachais Phobail aige i ngach baile agus i líon mór sráidbhailte agus in dhá chontae.

Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh agus buíochas a ghabháil leis an bPríomhfheidhmeannach Peter Kierans, an Bord, agus an bhainistíocht agus foireann BOOLM as ucht a dtiomantais agus a ndíograise i dtreo seirbhís oideachais uileghabhálach agus ardchaighdeáin a sholáthar.

Go raibh maith agaibh go léir

An Comhairleoir Oliver Tully

Cathaoirleach

An Comhairleoir Nick Killian, an 1ú Chathaoirleach den BOOLM ag déanamh comhghairdis leis an gCathaoirleach nua, an Comhairleoir Oliver Tully

Brollach ón bPríomhfheidhmeannach

Tar éis Coiste Gairmoideachais Lú agus Coiste Gairmoideachais na Mí a chónascadh i mí Iúil 2013, d'imigh BOOLM trí athruithe suntasacha – leis na struchtúir, polasaithe agus nósanna imeachta nua, cruthaíodh dúshláin agus deiseanna nua. Tá an t-éiteas atá againn maidir le cúram, barr feabhais agus an nuálaíocht fós le feiceáil go han-soiléir.

Tá 16 Iarbhuncoil den scoth, 1 Pobalscoile Náisiúnta atá ag fás, 8 nIonad Ógtheagmhála, 3 Ionad SDOG agus 2 Choláiste Breisoideachais ag an BOOLM. Fuair Coláiste Breisoideachais Dhún Búinne a Uimhir Rolla neamhspleách in 2015 agus leanann sé ag fás. Tá ceithre scoil againn ina bhfuil níos mó ná 1,000 dalta, Coláiste Pobail Dhún Seachlainn, Coláiste Ráth Tó, Coláiste Pobail Naomh Oilibhéar Droichead Átha agus Coláiste Naomh Peadar, Dún Búinne. Sroichfidh Coláiste na hInse, An Inse an figiúr sin go luath díreach tar éis a bheith ann ar feadh 8 mbliana.

Tá méadú mór sa daonra feicthe ag Lú agus ag an Mhí le deich bliana anuas. Tá BOOLM tar éis freastal ar an gcuid is mó de na scoláirí nua sa 2ú leibhéal trí scoileanna nua a thógáil nó síneadh a chur ar na cinn atá ann cheana féin chun freastal ar níos mó na 5,000 scoláire nua.

D'éirigh thar cionn le BOOLM i réimse leathan gníomhaíochtaí seach-churaclaim. Bhíothas rannpháirteach i spóirt éagsúla agus baineadh amach gradaim náisiúnta. Roinnt de na réimsí éagsúla gníomhaíochtaí ba ea ceoldrámaí scoile, seónna tallainne, ceolchoirmeacha, díospóireachtaí, drámaíocht agus ealaíon. Bhí ár mbaill foirne an-fhlaithiúil lena gcuid ama.

Mar Phríomhfheidhmeannach ba phribhléid agus onóir é a bheith mar cheannasaí an BOOLM agus ní féidir liom ach buíochas agus moladh a thabhairt don 2,200 ball foirne uile a oibríonn go gairmiúil, go díograiseach agus go tiomanta.

Peter Kierans
Príomhfheidhmeannach

Ráiteas Misin

"Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí tiomanta don chúram, barr feabhais agus nuálaíocht in oideachas agus oiliúint daoine óga agus daoine fásta trí sheirbhísí dinimiciúla a chuireann foireann ghairmiúil ar fáil."

Luachanna an BOOLM

Learning = Foghlaim; Caring and Inclusive = Comhbhách agus Uileghabhálach; Innovation and Improvement = Nuálaíocht agus Feabhsú; ICT for Learning = TFC don Fhoghlaim; Sustainable Use of Resources = Úsáid Inbhuanaithe d'Acmhainní; Teamwork and Partnership = Obair Foirne agus Comhpháirtíocht; Openness and Transparency = Oscailteacht agus Trédhearcacht; Professionalism = Gairmiúlacht

Bord an BOOLM

Tar éis na dToghchán Áitiúil i mí na Bealtaine 2015, cuireadh Bord ina bhfuil 21 ball le chéile i gcomhréir le Cuid 3, Ailt 30 agus 31 d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013. Ar an 31ú Nollaig 2015, ba é seo a leanas an bord:

Ainm an Bhaill	Arna Ainmniú Ag
Liam Reilly, Uasal	Comhairle Contae Lú
Oliver Tully, Uasal	Comhairle Contae Lú
Maeve Yore, Uasal	Comhairle Contae Lú
Marianne Butler, Uasal	Comhairle Contae Lú
Tomás Sharkey, Uasal	Comhairle Contae Lú
Caroline Lynch, Uasal	Comhairle Contae na Mí
Sarah Reilly, Uasal	Comhairle Contae na Mí
Wayne Harding, Uasal	Comhairle Contae na Mí
Sharon Tolan, Uasal	Comhairle Contae na Mí
Nick Killian, Uasal	Comhairle Contae na Mí
Seán Smith, Uasal	Comhairle Contae na Mí
Trevor Golden, Uasal	Comhairle Contae na Mí
Catherine Clair, Uasal	Ionadaí Foirne an BOOLM
Ciarán O'Donnell, Uasal	Ionadaí Foirne an BOOLM
Ashimedua Okonkwo, Uasal	Ionadaí Foirne an BOOLM
Cormac Bohan, Uasal	Ionadaí Foirne an BOOLM

Ainm an Bhaill	Catagóirí Ainmnithe (3)
Bill Sweeney, Uasal	Ionadaíoch do Chúrsaí Gnó, Tionscail agus d'Fhostóirí
Seán Patrick Carey, Uasal	Ionadaíoch d'Fhoghlaimeoirí
Siobhán Greer, Uasal	Ionadaíoch do dhaoine atá rannpháirteach i mBainistíocht, nó i gCeannaireacht scoileanna aitheanta.
Jenny D'Arcy, Uasal	Ionadaíoch d'fhoras nach bhfuil sna trí chatagóir ainmnithe.
Alan Breathnach, Uasal	Ionadaíoch d'fhoras nach bhfuil sna trí chatagóir ainmnithe.

Feidhm an Bhoird BOO

Is é an fheidhm ghinearálta a bheidh ag Bord Oideachais agus Oiliúna mar a sonraíodh in Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013 ná—

a) scoileanna aitheanta, ionaid oideachais agus oiliúna nó saoráidí oiliúna a bhunú agus a choinneáil ina réimse feidhmiúil,

b) a leithéid a dhéanamh nuair a thugann an tAire ordú faoi *alt 20*—

   i. scoileanna aitheanta a bhunú agus a choinneáil ina réimse feidhmiúil,

   ii. ionaid oideachais a bhunú agus a choinneáil ina réimse feidhmiúil,

   iii. ionaid oideachais nó scoileanna aitheanta a choinneáil ina réimse feidhmiúil, agus

   iv. saoráidí oideachais nó oiliúna a bhunú agus a choinneáil agus acmhainní a chur ar fáil dóibh ina réimse feidhmiúil,

c) an soláthar oideachais agus oiliúna a phleanáil, a chur ar fáil agus a chomhordú agus athbhreithniú a dhéanamh air, lena n-áirítear oideachas agus oiliúint chun críche fostaíochta, agus seirbhísí cúnta atá ina réimse feidhmiúil mar seo a leanas—

   i. scoileanna aitheanta nó ionaid oideachais atá á gcoinneáil aige,

   ii. saoráidí oideachais nó oiliúna atá á gcoinneáil aige nó a bhfuil acmhainní á gcur ar fáil aige dóibh,

   iii. scoileanna coinneála do leanaí,

   iv. príosúin, agus

   v. saoráidí atá á gcoinneáil ag forais eile de chuid na seirbhíse poiblí,

d) socruithe a dhéanamh le soláthraithe oideachais agus oiliúna, agus seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil dóibh, i gcomhréir le *halt 22*,

e) scoláireachtaí a bhunú i gcomhréir le *halt 24*,

f) ráiteas straitéise a ghlacadh i gcomhréir le *halt 27*,

g) plean seirbhíse bliantúil a ghlacadh i gcomhréir le *halt 47*,

h) comhoibriú a dhéanamh le foras ar bith chun tabhairt faoi na feidhmeanna iniúchta inmheánaigh faoi *alt 52*,

i) oideachas agus oiliúint a chur ar fáil ar iarratas ó fhoras ar bith, agus ar a shon, a dhéanann maoiniú ar oiliúint as airgead a chuireann an tOireachtas ar fáil don fhoras sin,

j) tacaíocht a thabhairt don tsoláthar, comhordú, riarachán agus measúnú a dhéantar ar sheirbhísí oibre don ógra ina réimse feidhmiúil agus a leithéid eolais a chur ar fáil a d'fhéadfadh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige a iarraidh maidir le tacaíocht, agus

k) measúnú a dhéanamh cibé an bealach saor, éifeachtach agus éifeachtúil é an chaoi ina bhfeidhmíonn sé a fheidhmeanna.

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

Ní mór do gach ball den Bhord de BOO na forálacha cuí den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001, a chomhlíonadh.

Nochtadh um Leasanna Inchláraithe

Déanann an tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 foráil don nochtadh um leasanna inchláraithe a dhéanann daoine ar stiúrthóirí ainmnithe iad i gcomhlachtaí poiblí atá leagtha síos chun críche na reachtaíochta Eitice.
Éilítear ar bhaill den bhord Nochtuithe um Leasanna bliantúla a chur ar fáil i dtaca le saincheisteanna a d'fhéadfadh athrú ábhartha a dhéanamh ar fheidhmíocht na bhfeidhmeanna

Coistí na mBord Oideachais agus Oiliúna

Cuid 5 *44.-(1)* Faoi réir *alt 45,* d'fhéadfadh bord oideachais agus oiliúna coistí a bhunú chun na nithe seo a leanas a dhéanamh-

a) a leithéid d'fheidhm amháin nó níos mó dá chuid feidhmeanna a dhéanamh, a d'fhéadfadh a bheith déanta níos fearr nó níos éasca ag coiste, dar leis, nó

b) comhairle a chur air maidir leis an gcaoi ina bhfeidhmíonn sé aon cheann dá chuid feidhmeanna

agus d'fhéadfadh sé na téarmaí tagartha a shocrú agus an nós imeachta d'aon choiste den tsórt sin a rialáil.

Ní bheidh níos mó ná 12 bhall ar choiste a bhunaítear faoi *fho-alt (1*) agus d'fhéadfadh sé, faoi réir *alt (9)* agus (12)(c), a bheith comhdhéanta go páirteach de bhaill nach baill den bhord oideachais agus oiliúna i gceist iad.

An Coiste Airgeadais agus An Coiste Iniúchóireachta

Bunaíodh na coistí seo a leanas i gcomhréir le hAlt 45. – (1) d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013.

Coiste Iniúchóireachta an BOOLM – Dáta a Ceapadh iad 25ú Meitheamh 2015	
Ainm	
Paul Morgan	**Seachtrach (Cathaoirleach)**
Liam Coleman	**Seachtrach**
Martin Kelly	**Seachtrach**
Caroline Lynch	**Inmheánach**
Cormac Bohan	**Inmheánach**
Bill Sweeney	**Inmheánach**

Coiste Airgeadais an BOOLM – Dáta a Ceapadh iad 25ú Meitheamh 2015	
Ainm	
Oliver Tully	**Inmheánach (Cathaoirleach)**
Brendan McKenna	**Seachtrach**
Ashimedua Okonkwo	**Inmheánach**
Bill Sweeney	**Inmheánach**
Nick Killian	**Inmheánach**

Cruinnithe Boird

Sceideal 3 paragraf 2 (1) d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013 – *faoi réir fhorálacha an pharagraif seo agus alt 31 – beidh a leithéid agus líon cruinnithe ag gach bord oideachais agus oiliúna, ag a leithéid amanna, agus ina leithéid ionad a cheapann sé a bheith iomchuí.*

Paragraf 2 (2) *Beidh cruinniú amháin ar a laghad ag gach bord oideachais agus oiliúna i ngach dhá mhí seachas i rith na mhí Iúil, mí Lúnasa agus mí Mheán Fómhair.*

Paragraf 2 (3*) Beidh cruinniú amháin ar a laghad ag gach bord oideachais agus oiliúna i rith na tréimhse ag tosú ar an 1ú Iúil agus ag críochnú ar an 30ú Meán Fómhair gach bliain.*

Bhí 9 gcruinniú ag an mBord i rith na tréimhse ón 1ú Eanáir– 31ú Nollaig 2015. Coinnítear clár tinrimh. Coinnítear miontuairiscí agus glactar leo chun tacú le cruinnithe Boird.
Tá taifeadadh de thaifead tinrimh na mball ag cruinnithe Boird agus sonraí maidir lena a gcostais déanta ar leathanach 20 den tuarascáil seo.

Rialachas Corparáideach

Tá an rialachas corparáideach comhdhéanta de na córais agus nósanna imeachta ina ndéantar eintitis a stiúradh agus a rialú. Ní mór do chomhlachtaí stáit, na Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) san áireamh, freastal ar leasanna an cháiníocóra, an luach ar airgead a bhaint amach ina gcuid iarrachtaí (bainistíocht riosca a dhéanamh go hiomchuí san áireamh), agus gníomhú go trédhearcach mar eintitis phoiblí.

Tá an Bord (i.e. an t-eintiteas atá comhdhéanta de bhaill tofa agus cheaptha den BOO) freagrach agus cuntasach as an treoir cheart agus rialú ceart den BOO.

D'fhonn an dea-rialachas a chur ar fáil san BOO, ní mór don Bhord gníomhú ar mhaithe leis an BOO i gcónaí, i gcomhréir le riachtanais na reachtaíochta agus pholasaithe an rialtais, agus an leas

féin agus leasanna de thríú páirtithe a sheachaint, comhlachtaí a thogh nó a d'ainmnigh iad san áireamh.

Cód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna

Is é Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna an phríomhreachtaíocht a rialaíonn na boird oideachais agus oiliúna nach mór a chomhlíonadh i gcónaí. Ba chóir Imlitir Uimh. 0018/2015 den Chód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna, cé go leagtar amach ann na treoirlínte i gcásanna áirithe, a chur san áireamh go príomha mar shraith caighdeán do bhaill agus foireann an Bhoird. Táthar ag súil go gcinnteoidh na baill agus an fhoireann go ndéantar a ngníomhaíochtaí maidir leis an BOO a rialú i gcónaí leis na caighdeáin seo, ó thaobh litreach agus spioraid de. Má roghnaíonn Bord gan foráil den chód a chomhlíonadh ba chóir ansin míniú iomlán maidir leis an gcur chuige seo a chur ar fáil.

Sa Chód Cleachtais cuirtear creatlach ar fáil ó thaobh an dea-chleachtas a chur i bhfeidhm sa rialachas corparáideach i mboird oideachais agus oiliúna. Éilítear ar bhoird a dheimhniú leis an Aire Oideachais agus Scileanna go bhfuil riachtanais suas chun dáta an Chóid á gcomhlíonadh acu ina gcleachtais agus nósanna imeachta rialachais.

Ba chóir do bhaill na mbord agus foireann na BOOanna treoir a fháil ó na prionsabail atá leagtha amach i ndoiciméad an Chóid Chleachtais maidir lena bhfreagracht lena chinntiú go gcomhlíonann a ngníomhaíochtaí uile na caighdeáin is airde den rialachas corparáideach.

Struchtúr Eagraíochta an BOOLM

Príomhoifigí:	Sráid an tSéipéil Dún Dealgan Co. Lú	Bóthar na Mainistreach An Uaimh Co. na Mí
Teil:	042 93 34047	046 90 68200
Facs:	042 93 39412	046 90 29821
R-phost:	education@lmetb.ie	education@lmetb.ie
Suíomh Gréasáin:	www.lmetb.ie	www.lmetb.ie

An Fhoireann Ardbhainistíochta	
Príomhfheidhmeannach	Peter Kierans
Oifigeach Oideachais	Máire Ní Bhróithe *M. Fómhair 2013 – Lún 2015* Elizabeth Lavery *M. Fómhair 2015 – Go dtí seo*
Oifigigh Oideachais Aosaigh	Sadie Ward-McDermott Elizabeth Lavery *Feabhra 2015 – Lún 2015* Imelda Prunty *M. Fómhair 2015 – Go dtí seo*
Bainisteoir Ceantair – Scileanna Réigiúnacha agus Oiliúint	Peter Egan
Seirbhísí Corparáideacha & Oideachais	Bernadette Walsh
Acmhainní Daonna	Nuala O'Neill *(An Mhí)* Joan Regan *(Lú)* – Ar Iasacht
Airgeadas	Frank Smith *(An Mhí)* Anne Whyte *(Lú)*

Léargas Ginearálta agus Résumé ar na Seirbhísí

Is údarás áitiúil oideachais agus oiliúna reachtúil é an BOOLM atá freagrach as cúrsaí oideachais, obair óige agus réimse feidhmeanna reachtúla eile. Déanann an BOOLM na nithe seo a leanas a bhainistiú agus a fheidhmiú:

- 16 scoil dara leibhéal lena n-airítear 3 scoil a dhéanann comhpháirteanna den Iar-Ardteistiméireacht
- 2 Choláiste Iar-Ardteistiméireachta
- 1 Phobailscoil Náisiúnta
- 1 Ionad Oiliúna
- 1 Ionad um Scolaíocht Eorpach
- 8 nIonad Ógtheagmhála
- Raon d'ionaid bhreisoideachais agus oiliúna a chuireann cláir oideachais agus oiliúna ar fáil
- Mar Chomhphatrún ar 6 Phobalscoil sna háiteanna seo a leanas: Baile Átha Fhirdhia, Ceanannas, Baile Átha Troim, Baile Átha Buí, Cill Dhéagláin agus Coláiste Bhaile Mhic Éinigh Droichead Átha.

Tá an BOOLM gníomhach sna pobail áitiúla trí sholáthar díreach a dhéanamh de chláir oideachais agus oiliúna a chuirtear ar fáil sna hIonaid Oiliúna, Coláistí agus suíomhanna oiliúna agus oideachais eile. Is mian le BOOLM fíordhifríocht a dhéanamh do shaol na ndaoine a bhfuil sé ag freastal orthu.

Scoileanna agus Coláistí

Coláiste Beaufort An Uaimh	Iarbhunscoil na Sceachóige Dún Dealgan	Coláiste De Lacy Cill Dhéagláin
Coláiste Chú Chulainn Dún Dealgan	Coláiste na hInse An Inse	Coláiste na Mí An Uaimh
Coláiste Pobail Ráth Chairn	Coláiste Pobail Dhún Seachlainn	Coláiste Uí Chearúlláin An Obair
Coláiste Uí Fhiaich Dún Dealgan	Coláiste Ráth Tó	Scoil Uí Mhuirí Dún Léire
Iarbhunscoil Naomh Fintina Maigh Dearbhaí	Coláiste Pobail Naomh Oilibhéar Droichead Átha	Coláiste Naomh Peadar Dún Búinne
Iarbhunscoil Naomh Oilibhéar An Seanchaisleán	Institiúid Breisoideachais Dhroichead Átha	Coláiste Breisoideachais Dhún Búinne
Pobalscoil Náisiúnta Ard Rí An Uaimh	An tIonad um Scolaíocht Eorpach Dún Seachlainn	

Léargas Ginearálta agus Résumé ar an BOOLM (Ar Lean)

Breisoideachas agus Oiliúint

Breisoideachas agus Oiliúint	Ionaid		
Ionad Scileanna Réigiúnacha agus Oiliúna	Dún Dealgan		
SDOG	Droichead Átha	Dún Dealgan	An Uaimh
Seirbhísí don Fhoghlaim Aosach **Treoir san Oideachas Aosach** **An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas** **Oideachas Pobail**	Droichead Átha	Dún Dealgan	An Uaimh
	Baile Átha Troim	Ceanannas	An Seanchaisleán
	Maigh Muirí	An Inse/ Baile an Bhiataigh	Dún Seachlainn
	Dún Búinne	Baile Átha Buí	Cill Dhéagláin
Cúrsaí Oíche a Sholáthar	11 ionad i Lú agus sa Mhí		
Giniúint Ceoil	Lú		
Seirbhísí Óige	Lú	An Mhí	
Tionscadail AE	An Mhí	Lú	
Dearbhú Cáilíochta	Lú	An Mhí	

Ógtheagmháil

Ógtheagmháil	Ionaid	
	Droichead Átha	Dún Dealgan
	Fondúireacht Ógtheagmhála An Uaimh	Y/R Progression & Hi-Way Café Navan
	Baile Átha Troim	Ceanannas
	Cill Dhéagláin	An Inse/Baile an Bhiataigh

Buaicphointí an BOOLM

Gradam an Staraí Óig & Fhilíocht Francis Ledwidge

I mí Aibreáin, reáchtáladh Gradam an Staraí Óig agus Fhilíocht Francis Ledwidge den chéad uair i gCaisleán Bhaile Shláine. Is é Coláiste Pobail Dhún Seachlainn a bhí chun tosaigh sna duaiseanna a baineadh amach ach chuir na scoileanna ar fad a bhí bainteach leis samhlacha stairiúla, póstaeir agus píosaí scríofa a bhí go hiontach ar taispeáint. Thosaigh an Staraí Óg mar thionscnamh i gColáiste Uí Chearúlláin, san Obair in 2006 agus is í Amanda Scully a dhéanann é a chomhordú.

Bhí Gradamh Fhilíocht Francis Ledwidge oscailte do gach scoláire as na scoileanna agus ionaid ar fud Lú agus na Mí agus bhuaigh scoláire as Scoil Uí Mhuirí, Dún Léire, an phríomhdhuais. Is í Emma McMahon, Oifigeach Óige de chuid an BOOLM a chomhordaigh Gradaim Fhilíocht Francis Ledwidge, agus is iad Damien English, TD, An tAire Stáit Scileanna, Taighde agus Nuálaíochta, An Príomhfheidhmeannach Peter Kierans, Rosemary Yore (Músaem Ledwidge Museum) agus Oliver Tully, Cathaoirleach an BOOLM agus Wayne Harding, baill den Bhord den BOOLM, a bhronn na duaiseanna.

Príomhoifig nua de chuid an BOOLM

Tar éis faomhadh a fháil ó Ruairí Quinn TD – An tAire Oideachais agus Scileanna do Phríomhoifig nua i nDroichead Átha Co. Lú, cuireadh iarratas ar chead pleanála isteach i mí Dheireadh Fómhair 2015. Beidh an phríomhoifig riaracháin nua dhá urlár lonnaithe ar shuíomh Choláiste Pobail Naomh Oilibhéar ar Lána Uí Mhearthaile/Bóthar Ráth Maoláin, Co. Lú agus is é an BOOLM amháin chun críche seirbhísí oideachais agus oiliúna i gceantair Lú agus na Mí a reáchtáil a bheidh ann. Beidh na rannóga Airgeadais, Acmhainní Daonna agus Seirbhísí Corparáideacha Oideachais lonnaithe go buan san fhoirgneamh nua, in éineacht leis na hoifigí Breisoideachais, Seirbhísí Óige agus TFC.

Ócáid Mhór Ceoil

Reáchtáil Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí a Ócáid Mhór Ceoil in An Táin, Dún Dealgan, i mí an Mhárta 2015. Is é a bhí i gceist leis seo ná 400 scoláire as scoileanna agus ionaid ar fud Lú agus na Mí lena n-áirítear Coláiste Uí Chearúlláin, An Obair, Coláste na hInse, An Inse, Iarbhunscoil na Sceachóige, Dún Dealgan, Coláiste Beaufort, An Uaimh, Coláiste Chú Chulainn, Dún Dealgan, Coláiste Uí Fhiaich, Dún Dealgan, Scoil Uí Mhuirí, Dún Léire, Coláiste Pobail Naomh Oilibhéar, Droichead Átha agus Ógtheagmháil Chill Dhéagláin. Is é Oifigeach Óige an BOOLM Elma McMahon in éineacht leis na múinteoirí - Paul Strachan (Coláiste na hInse), Carmel Quigley (Coláiste Uí Chearúlláin), Suzanne Markey (Coláiste Beaufort), Declan Clarke (Scoil Uí Mhuirí), Karen Masterson (Coláiste Uí Fhiaich) agus scoláirí as Coláiste na hInse, a chomhordaigh an ócáid seo.

TeachMeet

Ar an 21^{ú} Márta 2015, tháinig 130 múinteoir ón BOOLM le chéile i gColáiste na Mí, an Uaimh, sa chéad TeachMeet riamh. Is í Máire Ni Bróithe, Oifigeach Oideachais don BOOLM a chuir tús leis an FGL (Forbairt Ghairmiúil Leanúnach) nuálach seo, le tacaíocht mhór ó choiste eagrúcháin as líon scoileanna BOOLM. Ag an ócáid cuireadh ceardlanna ar fáil maidir leis na hábhair seo a leanas - Twitter do Mhúinteoirí, Tóraíocht, Cumhacht Foghlama á Tógáil, Cleachtas Aisiríoch, An Mhalairt Foghlama agus Oideachas Cruthaitheach.

Faigh na hUimhreacha, Scríobh (Get the Numbers, Write)

In 2015, léirigh BOOLM i gcomhpháirtíocht le TV3 clár teilifíse a lean saol 5 fhoghlaimeoir, Chris Duffy, Geraldine Dunphy, Nadia Jerogova, Richard McCormack agus Johnny Carolan. Thar tréimhse trí mhí tháinig 5 fhoghlaimeoir aosaigh le chéile – a bhí tar éis filleadh ar fhoghlaim aosach san BOOLM – agus an aidhm a bhí acu ná tionscadail litearthachta agus uimhearthachta a thabhairt díreach isteach chuig na pobail san Uaimh, Dún Dealgan agus Droichead Átha; chun cuidiú le daoine eile, feasacht a chruthú, an stiogma a bhaint agus na scileanna litearthachta a fheabhsú ag an leibhéal áitiúil.

TutorMeet

Ag eascairt as an ócáid TeachMeet ar éirigh thar cionn léi, cinneadh ócáid den chineál céanna a reáchtáil ar a dtugtar TutorMeet le haghaidh níos mó ná 100 múinteoir agus teagascóir a bhfuil baint acu sa bhreisoideachas. Cruinniú eagraithe agus neamhfhoirmiúil a bhí i gceist le TutorMeet do theagascóirí chun an dea-chleachtas, nuálaíocht, eolas agus saineolas a chomhroinnt. Roinnt de na hábhair a pléadh go ginearálta ag an ócáid nuálach seo ba ea an Chruthaitheacht, an Dearfacht, an Fhoghlaim Ghníomhach, Ag Maireachtáil san Am i Láthair agus an Cleachtas Machnamhach.

Spraoi Mór

Bhí Spraoi Mór BOOLM ar siúl i mí Aibreáin 2015 san Ionad Barbican i nDroichead Átha, Co. Lú. Bhain aíonna agus tuismitheoirí a fuair cuireadh taitneamh as na léirithe iontacha a cheiliúir an tallann atá ag an bhfoireann agus na scoláirí ó na hionaid Ógtheagmhála i nDún Dealgan, Droichead Átha, Baile Átha Troim, Ceanannas, Cill Dhéagláin, An Inse/Baile an Bhiataigh, Dul Chun Cinn na hUaimhe agus Fondúireacht na hUaimhe. Is mar chuid d'Fhéilire Ógtheagmhála bliantúil anois í an obair atá i gceist leis an ócáid iontach seo a ullmhú agus a léiriú. Is í an tOifigeach Óige Elma McMahon a chomhordaigh an ócáid in éineacht leis an Oifigeach Oideachais agus Comhordaitheoir Ógtheagmhála Contae Liz Lavery.

Rannóga na Príomhoifige

Airgeadas

Acmhainní Daonna

Seirbhísí Corparáideacha agus Oideachais

Airgeadas

BOO Lú agus na Mí

Tuarascáil Airgeadais Bhliantúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2015

Summary = Achoimre; Year ended = An bhliain dar chríoch; 31 Dec 2015 = 31 Nollaig 2015; Expenditure = Caiteachas; Pay (schools & HO) = Pa (scoileanna & PO); Other non pay (schools & HO) = Eile nach pá é (scoileanna & PO); Associated Programmes (Schools) = Cláir Ghaolmhara (Scoileanna); Youthreach = Ógtheagmáil; VTOS = SDOG; Scholarships and grants = Scoláireachtaí agus deontais; Adult Education Guidance = Treoir san Oideachas Aosach; Adult Literacy = Litearthacht d'Aosaigh; Community Education = Oideachas Pobail; Back to Education = Filleadh ar an Oideachas; Other further education = Breisoideachas eile; Regional Skills and Training Centre = Ionad Scileanna Réigiúnacha agus Oiliúna; Youth Services = Seirbhísí Óige; Agencies and Self Financing = Gníomhaireachtaí agus Féinmhaoiniú; Capital = Caipiteal; Total = Iomlán; Total Receipts = Fáltais Iomlána; Surplus/(deficit) = Barrachas/(easnamh);

Louth and Meath ETB

Annual Finance Report for year ended 31 December 2015

(1) Summary

	Year ended 31 Dec 2015
Expenditure	
Pay (schools & HO)	52,738,274
Other non pay (schools & HO)	3,540,937
Associated Programmes (Schools)	2,461,692
Youthreach	4,393,946
VTOS	2,266,789
Scholarships and grants	417,165
Adult Education Guidance	279,142
Adult Literacy	1,479,763
Community Education	536,840
Back to Education	1,755,894
Other further education	1,285,377
Regional Skills and Training Centre	20,656,921
Youth Services	236,515
Agencies and Self Financing	7,896,295
Capital	7,405,674
Total	**107,351,224**
Total Receipts	**105,533,589**
Surplus/(deficit)	**(1,817,635)**

(2) Commentary

The primary reason for the deficit during 2015 was that Further Education and Training expenditure reflected an opening surplus carried forward from 2014 and that SOLAS reduced 2015 funding by €1.5m based on quarter three returns.

Chief Executive's Salary

In accordance with pay scales approved by the Department of Education and Skills, the Chief Executive earned a salary of €121,051.02 (excluding employer's PRSI) during the year ended 31st December 2015. The CE did not undertake any foreign travel for ETB business purposes during the period. The CE is a member of an unfunded defined benefit public sector scheme and the pension entitlements do not extend beyond the standard entitlements available under the scheme.

Commentary = Tráchtaireacht; The primary ….returns. = An phríomhchúis leis an easnamh le linn 2015 ná gur léirigh an caiteachas Breisoideachais agus Oiliúna barrachas oscailte a tugadh ar aghaidh ó 2014 agus gur laghdaigh SOLAS maoiniú 2015 faoi €1.5m bunaithe ar thuairisceán sa tríú ráithe.

Chief Executive's Salary = Tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh
In accordance …. scheme. = I gcomhréir leis na scálaí pá a d'fhaomh an Roinn Oideachais agus Scileanna, thuill an Príomhfheidhmeannach tuarastal de €121,051.02 (gan ÁSPC an fhostóra san áireamh) le linn na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2015. Níor thaistil an Príomhfheidhmeannach thar lear chun críche gnó an BOO le linn na tréimhse. Is ball de scéim sochair shainithe neamh-mhaoinithe na hearnála poiblí é an Príomhfheidhmeannach agus ní théann na teidlíochtaí pinsean níos faide ná na gnáth-theidlíochtaí atá ar fáil faoin scéim.

Costais Bhaill an Bhoird BOOLM

I gcomhréir le riachtanais na Roinne Oideachais agus Scileanna – Imlitir 0018/2015, tugann an tábla seo a leanas breac-chuntas ar chostais Bhaill an BOO.

Louth and Meath Education And Training Board = BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA LÚ AGUS NA MÍ

23 Board members' expenses = Costais 23 ball den Bhord; Expenses are paid ….. 2015 were: Íoctar costais le baill den Bhord as an taisteal a dhéantar chuig cruinnithe a bhaineann leis an mBord. Is iad seo a leanas na costais chomhiomlána a íocadh le gach ball sa dá mhí dhéag go dtí an 31 Nollaig 2015:

Board member = Ball den Bhord; Statutory Meetings = Cruinnithe Reachtúla; Interview Boards T & M = Boird Agallaimh T & M; Interview Board Fees = Táillí do Bhoird Agallaimh; Attendance at Conferences / Seminars = Tinreamh ag Comhdhálacha / Seimineáir; Other = Eile; Total = Iomlán; No. Board Meetings Attended = Líon na gCruinnithe Boird ar Freastalaíodh Orthu; Total No. Meetings held in 2015 = Líon Iomlán na gCruinnithe a bhí ar siúl in 2015; Total = Iomlán

LOUTH AND MEATH EDUCATION AND TRAINING BOARD

23 **Board members' expenses**

Expenses are paid to Board members for travel to Board-related meetings.

The aggregate expenses paid to each member in the twelve months to 31st December 2015 were:

Board member	Statutory Meetings	Interview Boards T & M	Interview Boards Fees (1)	Attendance at Conferences / Seminars	Other	Total	No.Board Meetings Attended	Total No. Meetings held in 2015
	€	€		€	€	€		
Oliver Tully (Chair)	1,352	349	979	1,201	40	3,922	9	9
*Sally Anne Alexander	192	0	0	0	0	192	3	9
Cormac Bohan	124	0	0	0	0	124	6	9
Alan Breathnach	0	0	0	0	0	0	3	9
Marianne Butler	158	0	0	0	0	158	4	9
Sean Carey	0	0	0	0	0	0	1	9
Catherine Clair	659	0	0	0	0	659	9	9
Jennifer D'Arcy	444	0	0	0	0	444	7	9
Trevor Golden	0	0	0	0	0	0	8	9
Siobhan Greer	536	845	3,103	0	44	4,528	8	9
Wayne Harding	254	1,014	6,890	91	74	8,324	6	9
Nick Killian	451	273	554	693	0	1,971	9	9
Caroline Lynch	584	0	0	245	0	828	9	9
Ciaran O'Donnell	754	0	0	612	0	1,366	9	9
Ashimedya Okonkwo	590	0	0	673	0	1,262	8	9
Liam Reilly	239	0	0	0	0	239	7	9
Sarah Reilly	464	0	0	0	0	464	7	9
Thomas Sharkey	102	13	0	0	0	115	6	9
Sean Smith	463	0	0	0	0	463	4	9
Bill Sweeney	1,237	0	0	685	0	1,922	8	9
Sharon Tolan	601	0	0	0	0	601	8	9
Maeve Yore	415	0	0	0	0	415	7	9
TOTAL	**9,617**	**2,494**	**11,526**	**4,200**	**158**	**27,996**		

* Replaced by Sean Carey in September, 2015

(1) Amounts shown for Interview Board Fees are gross before applicable taxation.

**Replaced by Sean Carey in September, 2015 = Tháinig Sean Carey i gcomharbacht uirthi i mí Mheán Fómhair, 2015*

(1) Amounts shown for Interview Board Fees are gross before applicable taxation = Is méideanna comhlána iad na méideanna a thaispeántar do Tháillí do Bhoird Agallaimh sula mbaintear an cháin díobh.

Acmhainní Daonna

Cuireann Rannóg na Acmhainní Daonna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí tacaíocht ar fáil do níos mó ná 2,200 ball foirne a dhéanann seirbhísí oideachais a sholáthar inár scoileanna agus ionaid ar fud Chontae Lú agus Chontae na Mí. Is é an aidhm atá againn ná foireann den scoth a mhealladh agus a choinneáil agus tacú leo ina gcuid fostaíochta ach na struchtúir, polasaithe agus nósanna imeachta dea-chleachtais AD a fhorbairt agus a choinneáil. Tharla an ghníomhaíocht agus na forbairtí seo a leanas le linn 2015:

Earcaíocht agus Roghnúchán

Déantar folúntais do bhaill foirne a fhógairt ar ár suíomh gréasáin www.etbjobs.ie agus faightear na hiarratais ar líne. Ní mór d'iarrthóirí a mholtar le bheith ceaptha do phoist teagaisc ag BOO Lú agus na Mí (a) a bheith cláraithe i gcomhréir le halt 30 agus 31 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001 agus (b) cáilíochtaí a bheith acu atá oiriúnach d'aidhm an phoist teagaisc a ndéantar é/í a mholadh le bheith ceaptha dó. Tá na daoine nua a cheaptar faoi réir nósanna imeachta Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus measúnú ar ábaltacht ó thaobh na sláinte de freisin.

Fógraíodh 267 post ar an iomlán le linn na tréimhse ó mhí Eanáir go dtí mí na Nollag 2015 agus bhí poist idir Príomhoide, Leas-Phríomhoide, Comhordaitheoir SDOG, Duine i mbun Acmhainní sa Litearthacht d'Aosaigh, poist Acmhainní Ógtheagmhála, Poist Freagrachta, Múinteoir, Teagascóir, CRS, Cúntóir do scoláire Iar-Ardteistiméireachta, Tionlacan Iompair Scoile, Teagascóir Printíseachta Oibreora Thionscadail, Teagascóirí Cumhdaigh, poist Riaracháin agus Cothabhála.

Polasaithe agus Nósanna Imeachta nua a Tugadh Isteach

Éilítear ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí polasaithe agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm i gcomhréir le treoirlínte na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Is iad seo a leanas na polasaithe agus nósanna imeachta a thug Rannóg na nAcmhainní Daonna le linn 2015:

0015/2015 Meicníocht Íocaíochta Leasaithe maidir le Múinteoirí Ócáideacha agus Neamh-Ócáideacha le héifeacht ó thús na Scoilbhliana 2015/2016 – Deireadh leis an gCleachtas "Pá Saoire Cuachta"

0024/2015 Feidhmiú mholtaí an ghrúpa saineolaithe ar fhostaíocht Téarma Seasta agus Pháirtaimseartha san Oideachas Bunscoile agus Dara Leibhéal in Éirinn

0026/15 Réamhullmhúchán ar thosach riachtanas reachtúil maidir le grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána faoin Acht um an Bhiúró Naisiúnta Grinnfhiosrúcháin 2012 (Leanaí agus Daoine Soghonta)

0028/15 Athchóiriú Pinsean na Seirbhíse Poiblí: Ráta athbhreithnithe den ús iolraithe atá le húsáid agus aisíocaíochtaí á ríomh atá le déanamh chuig an Státchiste

0041/15 Earcaíocht Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CRSanna) - Socruithe Sannachán Breise don scoilbhliain 2015/16:

0053/2015, 0054/2015 agus 0063/2015 Socruithe Leasaithe um Shaoire Bhreoiteachta i leith Múinteoirí Cláraithe/CRSanna/gach ball foirne eile i mBunscoileanna agus Iarbhunscoileanna Aitheanta

0065/2015 Meicníocht Íocaíochta Leasaithe do Chúntóirí Riachtanas Speisialta Ócáideacha (Cúntóirí Riachtanas Speisialta Ionaid) le feidhm ó Thús na Scoilbhliana 2015/16 - Deireadh le "Pá Saoire Rollta-Suas"

0075/2015 Scéim Phostroinnte do Mhúinteoirí Cláraithe i mBunscoileanna agus in Iarbhunscoileanna Aitheanta

0078/2015 Saoire Cúramóirí do na baill foirne eile ar fad seachas daoine atá fostaithe mar Mhúinteoirí/Cúntóirí Riachtanas Speisialta atá fostaithe sna Boird Oideachais agus Oiliúna

0079/2015 Scéim um Shos Gairme do na baill foirne eile ar fad seachas daoine atá fostaithe mar Mhúinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta i mBoird Oideachais agus Oiliúna

0080/2015 Teidlíochtaí um Chosaint Máithreachais do na baill foirne ar fad seachas daoine atá fostaithe mar Mhúinteoirí/Cúntóirí Riachtanas Speisialta sna Boird Oideachais agus Oiliúna

Riarachán Pá

Is é AD a dhéanann bainistíocht ar fheidhm an riaracháin phá agus tá sé ríthábhachtach go mbíonn cumarsáid éifeachtach maidir le nuair a thosaíonn baill foirne, aistriú na mball foirne/teidlíochtaí saoire lena chinntiú go n-íoctar go beacht an tuarastal leis na baill foirne. Is iad na baill foirne AD a dhéanann ceisteanna maidir le pá na mball foirne a láimhseáil, lena n-áirítear éilimh do chreidmheasanna incriminteacha le haghaidh seirbhíse roimhe seo agus ráitis seirbhíse do na baill foirne atá ag fágáil. Is ónár nOifig i nDún Dealgan a rinneadh bainistíocht iomlán ar fheidhm ár riaracháin phá agus tá nósanna imeachta nua i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar na híocaíochtaí tuarastail a láimhseáil go furasta tar éis an phróiseas earcaíochta agus roghnúcháin.

Leibhéil Foirne & Rolluithe Mac Léinn

Leanann Creataí Rialaithe Fostaíochta (CRFanna) an Rialtais ar fud na seirbhíse poiblí agus tuairiscíodh na tuairisceáin maidir le gráid neamhtheagaisc chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna ar bhonn ráithiúil. An taifeadadh ar líon iomlán na mball foirne neamhtheagaisc ina bhfuil baill foirne Bainistíochta agus Riaracháin, baill foirne tacaíochta um Chothabháil, Ionad

Oiliúna Réigiúnach lena n-áirítear teagasc, baill foirne den SDOG agus Ógtheagmhála san áireamh, i mí na Nollag 2015 ba ea **225.12 cl**. Tabhair faoi deara na nithe seo a leanas:

Líon na mBall Foirne Riaracháin in BOO Lú agus na Mí amhail i mí na Nollag 2015 ba ea **59.64 cl.**

Líon bhall foirne de chuid an Ionaid Oiliúna Réigiúnach, baill foirne Riaracháin, baill foirne Cothabhála agus baill foirne Teagaisc mar a tuairiscíodh amhail i mí na Nollag 15 ba ea **50.80 cl**.

Na baill foirne tacaíochta um Chothabháil amhail i mí na Nollag 15 ba ea **39.78 cl** a bhí comhdhéanta de bhaill foirne pháirtaimseartha agus lánaimseartha laistigh de scoileanna agus ionaid de chuid BOO Lú agus na Mí.

Cúntóirí Riachtanas Speisialta

Meastar líon phoist na gCúntóirí Riachtanas Speisialta a bheith mar ról tacaíochta ríthábhachtach in oideachas na scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Líon na bpost amhail i mí na Nollag 15 ba ea **75.25 cl**.

An Fhoireann Teagaisc

Socraítear leithdháileadh na bpost teagaisc ar dtús ó thaobh líon na rolluithe dara leibhéal don bhliain roimhe. Baintear amach leithdháileadh breise múinteoirí d'acmhainní a bhaineann le riachtanais speisialta. Déantar iarratais bhreise a bhaineann le huaireanta cúiteacha do Phost mar Chomhordaitheoir Clár, Stiúrthóirí ar Oideachas d'Aosaigh, lamháltais curaclaim agus cláir Iar-Ardteistiméireachta a mheas freisin le haghaidh leithdháilte bhreise.

Mhéadaigh figiúr Leithdháilte na múinteoirí go suntasach de bharr an rolluithe méadaithe ar fud na scoileanna de chuid BOO Lú agus na Mí. Figiúr leithdháilte na múinteoirí i mí na Nollag 15 ba ea **805.44 wte**.

Poist Freagrachta – Bainistíocht Inscoile

In 2015 lean an moratóir ar aghaidh ar an Earcaíocht agus ar na hArduithe Céime sa tSeirbhís Phoiblí a thug an Rialtas isteach. Ceadaíodh bearta maolaithe ag an leibhéal iarbhunscoile, áfach, lena chinntiú nár thit na scoileanna faoi íosleibhéal na dtacaíochtaí meánbhainistíochta ag Leibhéal an Phríomhoide Chúnta. Cé gur mhéadaigh líon na scoláirí go suntasach ar fud scoileanna de chuid BOO Lú agus na Mí, níor mhéadaigh na poist freagrachta ar an iomlán. Ceadaíodh poist freagrachta a bheith ceaptha do scoileanna nua amháin agus scoileanna faoin tairseach a leag an ROS síos.

Rolluithe Scoláirí

Líon na scoláirí dara leibhéal agus na hIar-Ardteistiméireachta i scoileanna BOO Lú agus na Mí ba ea 11,683 amhail i mí na Nollag 15. Taifeadadh líon méadaithe de mhic léinn inár seirbhís Aosach agus Breisoideachais freisin nuair a tugadh isteach cúrsaí nua a forbraíodh chun riachtanais na mac léinn a léiriú de bharr an gheilleagair atá ag athrú.

Bainistíocht ar Theidlíochtaí Saoire Foirne

Aithníonn BOO Lú agus na Mí riachtanais phearsanta agus oibleagáidí na foirne agus nuair is féidir laistigh de na treoirlínte cuí, déantar teidlíochtaí saoire éagsúla a éascú chun freastal ar riachtanais den tsórt sin. San áireamh sna hiarratais a rinneadh ar shaoire chuig an Rannóg AD le linn Eanáir 2015 – Nollaig 2015 bhí iarratais ar Shos Gairme, Dul Ar Iasacht, Saoire Thuismitheoireachta, Saoire Atharthachta, Saoire Mháithreachais, Saoire Phósta agus Postroinnt.

San áireamh sna taifid foirne eile ar fad a coinníodh bhí neamhláithreachtaí foirne mar gheall ar thinneas, saoire bhliantúil, saoire atruach, saoire force majeure, saoire gan phá, fleisc-am agus comhaid phearsanta tugtha suas chun dáta i gcomhréir le riachtanais iniúchta/eagraíochtúla.

AOISLIÚNTAS AGUS SOCHAIR DUL AR SCOR

Den chuid is mó, tá baill foirne BOO Lú agus na Mí i dteideal a bheith páirteach sa dá scéim aoisliúntais de chuid an BOO – Scéim Aoisliúntais na Múinteoirí Gairme agus Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais. Tá an dá scéim a dhéanann an Rannóg AD a riar, mar chuid de Líonra agus seirbhís Aistrithe na Seirbhíse Poiblí agus dá bhrí sin tá siad inaistrithe idir comhlachtaí éagsúla. Tá an Scéim Pinsean Seirbhíse Aonair Nua atá ann don fhoireann a ceapadh den chéad uair san Earnáil Phoiblí tar éis mhí Eanáir 2013 fós ag feidhmiú.

Déantar na hiarratais ar shochair dul ar scor a ríomh agus déantar iad a fhaomhadh le haghaidh íocaíochta tar éis athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar stair seirbhíse an fhostaí.

Is iad seo a leanas obair eile i réimse an aoisliúntais:
Iarratais ar aistriú seirbhíse chun críche aoisliúntais
Iarsheirbhís neamh-ináirithe a cheannach
Meas-seirbhís a cheannach
Iarratais ar ráitis seirbhíse
Aisíocaíochtaí aoisliúntais/aiscí a íoc ar ais
Ceisteanna maidir leis na scéimeanna éagsúla dul ar scor, An Scéim um Luathscor Costas-Neodrach, Dul ar Scor de bharr Drochshláinte, Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí.

Grúpaí Líonraithe

Bhí cruinnithe leanúnacha ar siúl i rith na tréimhse idir AD agus grúpaí éagsúla ar fud na heagraíochta lena n-áirítear:
An Príomhfheidhmeannach
Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí
Fóram d'Aosaigh agus d'Oideachas Leantach
Comhordaitheoirí Ógtheagmhála
Foireann Ardbhainistíochta Riaracháin na Príomhoifige
Cruinnithe Riaracháin Ghinearálta
Rannóg Airgeadais

Tá na cruinnithe seo fós á reáchtáil ar bhonn rialta agus san áireamh sna torthaí a eascraíonn as a leithéid cruinnithe bíonn éifeachtúltacht níos fearr agus na próisis/ nósanna imeachta á gcur i bhfeidhm; soláthar éifeachtach de sheirbhísí agus caidreamh dearfach le daoine eile.

Oiliúint agus Forbairt

Tá BOO Lú agus na Mí tiomanta go mór do thacaíocht leanúnach a chur ar fáil don phearsanra foirne agus don fhorbairt ghairmiúil agus déanann sé gach iarracht spreagadh agus tacaíocht a thabhairt don fhoireann chun teacht ar chláir forbartha gairmiúla a léiríonn riachtanais an duine aonair, a scoil/ionad agus BOO Lú agus na Mí.

Reáchtáiltear oiliúint agus forbairt in BOO Lú agus na Mí ag leibhéal áitiúil agus láraithe araon agus cuimsítear gníomhaíochtaí ar bhonn foirmiúil agus neamhfhoirmiúil. San áireamh sna gnáthghníomhaíochtaí forbartha bíonn seimineáir, cláir oiliúna fhoirmiúla (e.g. oiliúint IETBI; ionduchtú etc.), grúpaí líonraithe agus seisiúin cóitseála neamhfhoirmiúla. Déanann AD comhordú ar lá ionduchtaithe d'fhoireann nua agus reáchtáiltear é inár Oifig Riaracháin gach bliain agus déanann an Rannóg AD gach iarratas ar chláir inseirbhíse/oiliúna a phróiseáil.

Seirbhísí Corparáideacha agus Oideachais

Tuarascáil Tógála

Iarbhunscoile Naomh Fintine Maigh Dearbhaí

Méid: 200 – 500 Dalta

Cur síos ar an Tionscadal: Scoil Nua

Céim ag a bhfuil an Tionscadal i mí na Nollag 2015: Céim 4 – Á Thógáil

Ailtire: McCarthy O'Hora Architects

Coláiste Beaufort An Uaimh

Méid: 550 – 875 Dalta

Cur síos ar an Tionscadal: Síneadh

Céim ag a bhfuil an Tionscadal i mí na Nollag 2015: Céim 3 – Ag Fanacht ar Chead faoin Tuarascáil Tairisceana

Ailtire: Opperman Associates Architects

Coláiste Pobail Naomh Oilibhéar, Droichead Átha

Méid: 1,100 – 1270 Dalta

Cur síos ar an Tionscadal: Síneadh

Céim ag a bhfuil an Tionscadal i mí na Nollag 2015: Céim 5 – Cuntas Deiridh

Ailtire: Van Dijk Architects

Tuarascáil Tógála Ar Lean

Coláiste Naomh Peadar, Dún Búinne

Méid: 1,000 – 1,225 Dalta

Cur síos ar an Tionscadal: Síneadh Mór
Céim ag a bhfuil an Tionscadal i mí na Nollag 2015: Céim 2b – Ag fanacht ar chead le Tairiscintí a lorg
Ailtire: Ann Blackwell Architects

Iarbhunscoil Naomh Oilibhéar, An Seanchaisleán

Méid: 200 – 550 Dalta

Cur síos ar an Tionscadal: Síneadh le haghaidh Sainseomra
Céim ag a bhfuil an Tionscadal i mí na Nollag 2015: Céim 4 – Á Thógáil
Ailtire: Ann Blackwell Architects

Coláiste Ráth Tó, Ráth Tó, Co. na Mí

Méid: 825 – 1,300 Dalta

Cur síos ar an Tionscadal: Síneadh Mór
Céim ag a bhfuil an Tionscadal i mí na Nollag 2015: Céim 4 – Á Thógáil
Ailtire: McGarry Ní Éanaigh Architects

Scoil Uí Mhuirí, Dún Léire

Méid: 640 Pupils

Cur síos ar an Tionscadal: Síneadh Sainseomra
Céim ag a bhfuil an Tionscadal i mí na Nollag 2015: Céim 3 – Tairiscint
Ailtire: McGarry Ní Éanaigh Architects

Coláite Uí Chearúlláin, An Obair

Méid: 575 Dalta

Cur síos ar an Tionscadal: Scoil Nua
Céim ag a bhfuil an Tionscadal i mí na Nollag 2015: Céim 1 – Réamhdhearadh
Ailtirí: Michael Kelly Architects

Coláiste Chú Chulainn, Dún Dealgan

Méid: 1,000 Dalta

Coláiste Chú Chulainn
Cúram. Forbairt. Feabhas.

Cur síos ar an Tionscadal: Scoil Nua
Céim ag a bhfuil an Tionscadal i mí na Nollag 2015: Céim 2b-Miondearadh
Ailtire: NMS Architects

Iarbhunscoil na Sceachóige, Dún Dealgan

Méid: 550 Dalta

Cur síos ar an Tionscadal: Síneadh do 3 Sheomra Ranga	**Cur síos ar an Tionscadal:** Síneadh Mór
Céim ag a bhfuil an Tionscadal i mí na Nollag 2015: Céim 5 – Cuntas Deiridh	**Céim ag a bhfuil an Tionscadal i mí na Nollag 2015:** Céim 1 – Réamhdhearadh
Ailtire: McCarthy O'Hora Architects	**Ailtire:** McCarthy O'Hora Architects

Coláiste na Mí An Uaimh – Céim 1

Méid: 650 Dalta

Cur síos ar an Tionscadal: Céim ll
Céim ag a bhfuil an Tionscadal i mí na Nollag 2015: Céim 2b – Cead pleanála curtha isteach
Ailtire: McCarthy O'Hora Architects

Coláiste De Lacy Cill Dhéagláin

Méid: 450 Dalta

Cur síos ar an Tionscadal: Scoil Nua
Céim ag a bhfuil an Tionscadal i mí na Nollag 2015: Céim 4 – Á Thógáil
Ailtire: Mullarkey Pedersen Architects

Tuarascáil Tógála Ar Lean

Príomhoifig BOOLM

Cur síos ar an Tionscadal Description: New Head Office
Céim ag a bhfuil an Tionscadal i mí na Nollag 2015: Céim 2b – Cead Pleanála faofa
Ailtire: Van Dijk Architects

Rannóg TFC

Léargas Ginearálta

Tugann rannóg TFC de chuid an BOOLM tacaíocht do bhreis agus 12,000 scoláire dara leibhéal agus tuairim is 2,200 ball foirne.

Tá struchtúr fearainn amháin ag an BOOLM a dhéantar a bhainistiú go lárnach agus a sholáthraíonn Tacaíocht TFC, córais ticéadaithe, deasc chabhrach, uathsholáthar cuntas d'Úsáideoirí, ríomhphost óstáilte (oifig 365), SharePoint (inlíon), Moodle, seirbhís priontála bhainistithe, soláthar lárnach TFC, bainistíocht ar shuíomhanna sóisialta na meán agus ar shuíomhanna gréasáin scoileanna agus riaracháin agus oiliúint TFC don fhoireann. Déanann an fhoireann TFC bainistíocht ar thart ar 3,000 deasc, 5,000 gléas móibíleacha, 120 freastalaí, 150+ lasc/ródaire líonra, líonraí gan sreang i ngach scoil agus iliomad earraí crua agus bogearraí eile. Déanann rannóg TFC an BOOLM bainistíocht freisin ar gach infreastruchtúr TFC i ngach scoil agus ionad. Déanann an Rannóg TFC bainistíocht ar gach conraitheoir TFC agus tionscadal TFC san BOO.

Is ball den choiste Náisiúnta TFC um sheirbhísí comhroinnte san earnáil BOO é Larry Carolan, ceannasaí TFC. Tá sé ar chomhairle catagóire an OSR ag déanamh ionadaíochta don earnáil BOO ar chúrsaí uile a bhaineann le TFC.

Déanann Rose Lawlor, oiliúnóir agus tacaíocht TFC, comhordú ar an oiliúint TFC uile san BOOLM. Chomh maith le hoiliúint a dhéanamh, oibríonn Rose i dtacaíocht TFC ag cur tacaíochta ar fáil go cianda agus ar an láthair.

Cuireann foireann TFC an BOOLM treoir theicniúil TFC le haghaidh soláthair agus freastalaíonn an fhoireann ar fhóraim/cruinnithe BOOÉ i rith na bliana.

Tá BOOLM fós ina cheannaire agus TFC á cur ar fáil do scoláirí agus don fhoireann agus déanann sé gach iarracht a bheith mar cheannródaí i gcúrsaí teicneolaíochta.

Mórfhorbairtí/mór-eachtaí: (2015)

- Láithreacha breise curtha leis na seirbhísí comhroinnte.
- Ag obair leis an ISRO (Ionad Scileanna Réigiúnacha agus Oiliúna)
    - Conradh nua tacaíochta Teicniúla ar líne.
    - Seirbhís priontála bhainistithe nua.
    - Líonra óstáilte nua gan sreang.
    - Cáblú CAT6 agus cnámh droma Snáithín nua suiteáilte chun an t-infreastruchtúr TFC a thabhairt suas chun dáta.
    - Lasca Líonra nua suiteáilte ar an líonra oiliúna.
    - Pleanáil á déanamh chun na líonraí riaracháin agus oiliúna a chomhnascadh.
- An Earnáil Breisoideachais agus Oiliúna: Líonraí bainistithe gan sreang suiteáilte i Sráid an Rí agus Sráid an tSéipéil.
- Tacaíocht agus oiliúint TFC leanúnach curtha ar fáil do na baill foirne uile in BOOLM.

Rannóg TFC

- Teicneolaíocht mhóibíleach curtha i bhfeidhm i líon scoileanna (iPad, gléasanna le dromhchla Windows agus líonraí bainistithe gan sreang)

- Bainistíocht déanta ar an uathsholáthar cuntas TF i scoileanna; ag cinntiú go gcruthaítear na cuntais foirne agus scoláire uile i gceart; déantar tar-rolladh de na cuntais ag deireadh na bliana agus cinntítear go bhfuil cuntais TF ghníomhacha ag an bhfoireann agus na scoláirí uile sna scoileanna.
- Tionscadail nua leathanbhanda/gan sreang deartha agus curtha i bhfeidhm in Ionaid Ógtheagmhála & Foghlama d'Aosaigh.
- Comhordú déanta ar sheoladh, dearadh agus oiliúint foirne na suíomhanna gréasáin óstáilte nua in 14 scoil agus ionad.
- Oiliúint um chódú ar líne eagraithe do 50 múinteoir i gcomhar le IT Shligigh.
- Comhordú déanta ar Office Proplus do scoláirí; áit a bhfuair na scoláirí lánaimseartha uile i scoileanna, ionaid Ógtheagmhála agus SDOG ceadúnais Office 2013 dá gcuntais TF agus bhí siad in ann Office 2013 a íoslódáil ar suas le 10 ngléas pearsanta dá bharr.
- Bainistíocht déanta ar bhuiséad TFC lena chinntiú go seastar gach costas agus nach ndéantar iad a shárú, a chinntiú go ndéantar athnuachan ar chonarthaí agus ag an luach is fearr; comhaontú campais do Windows, Firewalls etc. curtha san áireamh.
- Anailís déanta ar fhreagraí ón gcreatlach do riachtanais TFC, teilgeoirí, ríomhairí deisce, ríomhairí glúine, gléasanna ios, etc. san áireamh.
- Leanúint ar aghaidh ag cur tacaíochta TFC ar fáil don fhoireann agus na scoláirí uile sa BOOLM.
- Tar-rolladh cuntas ag deireadh na bliana déanta agus cinntítear go bhfuil na baill foirne agus scoláirí uile i scoileanna

Scoileanna agus Coláistí

Coláiste Beaufort

Príomhoide: Angela Crowcock

Leas-Phríomhoide: Ken Flynn

Teileafón: 046 9028915

R-phost: beaufortcollege@lmetb.ie

Suíomh Gréasáin: www.beaufortcollege.ie

Clárú Nollaig 2015: 532

Éachtaí/Forbairtí na Scoile

- Tugadh isteach arís an Eolaíocht Talmhaíochta sa tSraith Shinsearach & san Eolaíocht mar phríomhábhar do Scoláirí uile an Teastais Shóisearaigh.
- Ceadaíodh Maoiniú don Scéim Oibreacha Éigeandála leis na píboibreacha agus an córas téimh iomlán sa scoil a thabhairt suas chun dáta. Cuireadh é i gcrích i rith Shos na Cásca.
- Ag oíche ghradaim léitheoireachta na scoile, rinneadh comhghairdeas le scoláirí na chéad bhliana as ucht an éachta atá bainte amach acu maidir le 40,000,000 focal a léamh. Bhí scoláirí sinsearacha rannpháirteach i dtionscadal léitheoireachta beirte le Pobalscoil Náisiúnta Ard Rí.
- Rinneadh Meastóireacht Scoile Dírithe ar DEIS.
- Tugadh cuireadh do Chinnirí na Scoláirí & don Phríomhoide chuig Áras an Uachtaráin agus bhuail siad leis an Uachtarán Ó hUiginn mar aíonna ag Bronnadh na nDintiúr de thriúr ambasadóirí nuacheaptha d'Éirinn.
- Reáchtáladh Seirbhísí cuimhneacháin chun 10 mbliana ó tharla Timpiste Bus Scoile na hUaimhe a chomóradh ina bhfuair scoláire de Choláiste Beaufort bás.
- Tugadh cuireadh do bhaill foirne chun cur i láthair a dhéanamh ag Comhdháil Scoileanna Domhanda 2015 de chuid WorldWise mar shamplaí den dea-chleachtas le saincheisteanna inbhuanaithe a chur chun cinn.
- Tá lucht díospóireachta na scoile tar éis céim babhta leathcheannais Chomórtas Díospóireachta Scoileanna Chúige Laighean a bhaint amach. Tugadh cuireadh freisin don fhoireann a bheith rannpháirteach i gComórtas Díospóireachta Samhla an Aontais Eorpaigh i gCaisleán Bhaile Átha Cliath.

Iarbhunscoil na Sceachóige

Príomhoide:	Kevin Joyce
Leas-Phríomhoide:	Sinead McDonnell
Teileafón:	042 9376246
R-phost:	bushpp@lmetb.ie
Suíomh Gréasáin:	www.bpps.ie
Clárú Nollaig 2015:	567

Éachtaí/Forbairtí na Scoile

- Bhí seimineár i mí Mheán Fómhair 2015 le Tony Buzan, cumadóir Meabhairmhapaí. Agus meabhairmhapáil á déanamh is féidir féidearthacht gach scoláire a bhaint amach is cuma faoina n-inniúlacht acadúil, athrú ó bhun a chur ar scileanna staidéir agus an rath is fearr a bhaint amach i scrúduithe, is cuma faoin ábhar nó an leibhéal acadúil.
- Bhí scoláire agus a deartháir ar an Late Late Toy Show a bhog croíthe an náisiúin nuair a chan siad Titanium.
- Bhuaigh líon scoláirí gradaim sárimreoirí CLG Scoileanna Lú.
- Ba é Operation Bush4mation an chéad ghrúpa pobail ar bronnadh Bratach Pobail Operation Transformation air atá crochta anois go bródúil lasmuigh d'Iarbhunscoil na Sceachóige. Is comhthionscnamh é a bunaíodh in 2015 idir Iarbhunscoil na Sceachóige agus Club Lúthchleasaíochta an Ghleanna Mhóir.
- Lean Iarbhunscoil na Sceachóige ag soláthar buaiteoirí ag Eolaí Óg BT, Aláram Coscán Láimhe san áireamh. Tá aláram á fhorbairt ag an bhfoireann i dtarracóirí a bhuailfidh nuair a imíonn an tarracóir as giar agus nuair a scoireann an coscán láimhe. Tionscadal eile a bhí ann – an staidéar ar an Tionchar ag an bPósadh Comhghnéis ar an nGeilleagar Áitiúil ar an dá thaobh den Teorainn.
- Rannpháirtíocht sa cheolchoirm 'BushFactor' agus san Ócáid Mhór Ceoil.

Coláiste De Lacy

Príomhoide: Janice Corrigan

Leas-Phríomhoide: David McCormack

Teileafón: 086 4102507

R-phost: colaistedelacy@lmetb.ie

Suíomh Gréasáin: www.colaistedelacy.ie

Clárú Nollaig 2015: 109

Éachtaí/Forbairtí na Scoile

- Clár Aistrithe agus seachtain cairdis ar siúl dóibh siúd atá ag teacht isteach go dtí an chéad bhliain i mí Mheán Fómhair. Cuireadh réamhbhlaiseadh den churaclam ar fáil sa chéad bhliain chun é a dhéanamh níos éasca do na scoláirí cinntí feasacha a dhéanamh faoi na hábhair roghnacha is fearr dóibh.
- Bhí scoláirí rannpháirteach i gcomórtais Cispheile, Lúthchleasaíochta, Sacair, Rugbaí agus Eachracha.
- Bhuaigh scoláirí na chéad bhliana de chuid Choláiste De Lacy Comórtas Filíochta Francis Ledwidge 2015 agus bhuaigh siad Comórtas Díospóireachta na gCluichí Náisiúnta Pobail le linn an tsamhraidh. D'fhreastail siad ar Cheardlann Filíochta leis an bhFile Taibhithe Colm Keegan i mí na Nollag mar thoradh ar a mbua.
- Tá ádh mór ar Choláiste De Lacy leanúint ar aghaidh agus a bheith ag obair le Graham Powell ar "Building Learning Power" (Cumhacht Foghlama a Thógáil) (BLP) – cur chuige atá ann chun cuidiú le scoláirí a bheith mar fhoghlaimeoirí freagracha níos fearr, lasmuigh agus laistigh den scoil araon.
- iPad in úsáid ag na múinteoirí agus scoláirí uile chun an fhoghlaim agus teagasc a éascú.
- Oiliúint do na scoláirí uile sa Litearthacht Dhigiteach, Saoránacht Dhigiteach agus Sábháilteacht Idirlín.
- Bhí an chéad chruinniú riamh de Bhord Bainistíochta Choláiste De Lacy i mí Aibreáin 2015. Tugadh isteach níos mó seachtainí téamúla chun feabhas a chur ar an teagasc agus an fhoghlaim agus chun an fheasacht a chruthú ar líon ábhar, an Litearthacht, an Uimhearthacht, an Mhatamaitic, an Eolaíocht, an Fholláine, Úsáid Chuí na Meán Sóisialta, an tSábháilteacht Bhóthair agus Stíleanna Maireachtála Gníomhacha ó thaobh na Sláinte de, ina measc.

Coláiste Chú Chulainn

Príomhoide: Deirdre Uí Liatháin

Leas-Phríomhoide: Seán Ó hÉanaigh

Teileafón: 042 9352428

R-phost: colaistechuchulainn@lmetb.ie

Suíomh Gréasáin: www.colaistecc.ie

Clárú Nollaig 2015: 210

Éachtaí/Forbairtí na Scoile

- Fuair scoláirí gradaim sna comórtais seo a leanas: An Staraí Óg, comórtas Filíochta Francis Ledwidge, comórtas Ealaíne Google, comórtas Ealaíne BOOLM – An chéad agus an dara háit, d'éirigh leo go réigiúnach i gComórtas Uí Chadhain, agus d'éirigh leis na scoláirí dul trí bhabhta ceannais Chúig Laighean in Abair.
- Rinneadh athchóiriú ar champas Shráid an tSéipéil chun 3 sheomra ranga nua agus seomra scíthe nua a chur ar fáil do scoláirí.
- Reáchtáil an scoil an chéad cheann riamh de Chomórtas Peile na nGaelcholáistí le linn Sheachtain na Gaeilge agus bhí foirne as Dún na nGall, Doire, Lú, Muineachán, Baile Átha Cliath agus Cill Dara rannpháirteach.
- Ba Bhuaiteoirí náisiúnta iad in 3 chatagóir in Scléip agus tugadh cuireadh do scoláirí a bheith rannpháirteach in Ravelóid , an chéad fhéile cheoil chomhaimseartha as Gaeilge le Seo Linn, Altan, Delorrentos, Mundy etc.
- D'éirigh thar cionn le Seachtain an Chairdis agus bhí spéis mhór i Seachtain na Matamaitice. Reáchtáil an scoil seachtain na Scoileanna Glasa, Seachtain na dTeangacha agus Seachtain na Meabhairshláinte. Bhí sceideal pacáilte ann do Sheachtain na Gaeilge, comórtais peile Gaelaí, Céilí Mór, Tráth na gCeist agus cuairt ón nGaelscoil áitiúil do rang cócaireachta ina measc.
- Reáchtáil Roinn na Matamaitice foirne Thionscadal Mata le haghaidh Ranganna Breathnóireachta agus reáchtáil an Roinn an Bhéarla foirne Béarla na Sraithe Sóisearaí. Thug an Deutschemobil (seó bóthair Gearmánach) cuairt ar Roinn na Gearmáinise.

Coláiste na hInse

Príomhoide: AnneMarie McCarrick

Leas-Phríomhoide: Ian Gardiner

Teileafón: 041 9813335

R-phost: colaistenahinse@lmetb.ie

Suíomh Gréasáin: www.colaistenahinse.ie

Clárú Nollaig 2015: 935

Éachtaí/Forbairtí na Scoile

- Úinéireacht na scoláirí ar an obair a chur chun cinn tríd an bhféinmhachnamh agus an cumhachtú.
- Rannpháirteach sa Chumhacht Foghlama a Thógáil (BLP), teoiric oideachais cheannródaíoch a dhíríonn ar fhoghlaimeoirí neamhspleácha a chruthú – scil atá de dhíth ar ollscoileanna agus institiúidí tríú leibhéal.
- Oiliúint múinteoirí leis an gCleachtas Aisiríoch a fhorbairt mar chóras disciplín scoile.
- Forbairt déanta ar chlár 'Folláine' agus tús curtha leis roimh an Sraith Shóisearach nua.
- Forbairt déanta ar thrí chlár staidéir i ndiaidh scoile agus tá ceann eile ag tosú maidin Shathairn.
- Fuair Coláiste na hInse an chéad áit go náisiúnta sa díospóireacht shóisearach agus an 8ú háit ag an leibhéal sinsearach.
- Bhí Freya Martin, Oilimpeach Eolaíochta sa Chóiré Theas thar ceann na hÉireann. Bhí cúigear de na daltaí sa 200 is fearr i scrúdú Eolaíochta na Sraithe Sóisearaí agus tugadh cuireadh dóibh dul le haghaidh trialacha don Oilimpiad.
- Bhí scoláire sa 1% is fearr in Éirinn sa Bhéarla in Ardleibhéal na hArdteistiméireachta.
- I mí na Nollag ag an FMS-BCF (Féinmheastóireacht Scoile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim) aithníodh go raibh fís/misean na scoile agus tuiscint ar a nádúr féin mar phobal scoile ar fheabhas. Dúirt an fhoireann cigireachta go raibh sé ***"thar cionn"*** go bunúsach an méid a bhí bainte amach ag Coláiste na hInse i rith na tréimhse gairide de 8 mbliana agus i gcúinsí deacra.
- Bhí dhá scoláire i gcomórtas Iontaobhas Michael Sweetman thar ceann na hÉireann.
- Reáchtáiltear Clinicí Gairmeacha i rith amanna lóin chun cuidiú le scoláirí taighde a dhéanamh maidir lena roghanna gairmeacha.

Coláiste na Mí An Uaimh

Príomhoide:	Justine Hughes
Leas-Phríomhoide:	Angela Guinan/Paddy Carr
Teileafón:	046 9012130
R-phost:	colaistenami@lmetb.ie
Suíomh Gréasáin:	www.colaistenami@lmetb.ie
Clárú Nollaig 2015:	367

Éachtaí/Forbairtí na Scoile

- Bhí oíche oscailte ann dóibh siúd atá ag teacht isteach go dtí an chéad bhliain. Cuireadh réamhbhlaiseadh den churaclam ar fáil sa chéad bhliain chun é a dhéanamh níos éasca do na scoláirí cinntí feasacha a dhéanamh faoi na hábhair roghnacha is fearr dóibh
- Bhí scoláirí rannpháirteach i gcomórtais Cispheile, Lúthchleasaíochta, Sacair, Rugbaí agus Eachracha.
- Rannpháirteach i gComórtas Filíochta Francis Ledwidge 2015
- Seachtainí téamúla ann chun feabhas a chur ar an teagasc agus an fhoghlaim agus chun an fheasacht a chruthú ar líon ábhar, an Litearthacht, an Uimhearthacht, an Mhatamaitic, an Eolaíocht, an Fholláine, Úsáid Chuí na Meán Sóisialta, an tSábháilteacht Bhóthair agus Stíleanna Maireachtála Gníomhacha ó thaobh na Sláinte de, ina measc.
- Bhuaigh Scoláirí Choláiste na Mí Malairt Sparánacht Lupo um Malartú Iodálach in 2015
- Dé Céadaoin, an 6ú Bealtaine, d'imigh an scoil uile ar thuras oideachasúil de chuid na scoile uile chuig W5 i mBéal Feirste. Bhain na scoláirí taitneamh as féachaint thart ar an taispeántas See/Do/Go (Féach/Déan/Gabh), ag dreapadóireacht ar an bhfráma Climbit agus as an Seó Really Cool.
- Tá barr feabhais agus bailchríoch á gcur ar a scileanna ag foireann Camógaíochta na Dara Bliana. D'imir na cailíní i gcoinne ocht bhfoireann eile in 2015, agus bhuaigh siad chun fáil tríd go dtí an cluiche leathcheannais nuair a chaill siad i gcoinne fhoireann Bhaile an Hartaigh a bhí an-láidir agus a raibh taithí aici.

Coláiste Pobail Ráth Chairn

Príomhoide: Macdara Ó Duillearga

Leasphríomhoide: Proinsias Ó Luachra

Teileafón: 046 9432722

Ríomhphost : cprc@lmetb.ie

Suíomh Gréasáin na scoile: www.cprathcairn.ie

Clárú Nollaig 2015 : 141

Éachtaí/Forbairtí

- Ceimic mar ábhár nua don chuigiú bhliain
- Craobh na hÉireann (Sóisear) i ndíospóireacht Gael -Linn buaite
- Séarachas na scoile ceangailte leis an gcóras áitiúil.
- Siúlóid urraithe do " Henry " :1,900 bailithe
- Dóchas do Chian :1,000 bailithe
- Margadh na Nollag : 400 euro bailithe ar son teifigh agus Cumann Naomh Uinsinn de Pól .
- Deutch Mobile : ar cuairt ag an scoil
- Cúrsa Mindfulness eagraithe do dhaltaí
- Rinne dalta ón gcuigiu bliain obair dheonach i Nepal le linn laethanta saoire an tSamhraidh.

Coláiste Pobail Dhún Seachlainn

Príomhoide: Shane Foley

Leas-Phríomhoidí: Bridget Bennett, Cathy Byrne

Teileafón: 01 8259137

R-phost: dunshaughlincc@lmetb.ie

Suíomh Gréasáin: www.dunshaughlincc.ie

Clárú Nollaig 2015: 1,000

Éachtaí/Forbairtí na Scoile

- Roghnaigh Fondúireacht Thomas F Meagher an scoil le Bratach na hÉireann a fháil ón Uachtarán Ó hUiginn
- Fuair scoláire amháin 6 A1 agus 2 A2 ag baint amach uasmhéid de 625 pointe agus fuair scoláire eile 615 pointe.
- An % is airde go dtí seo de scoláirí ag baint amach níos mó ná 400 agus 500 pointe san Ardteistiméireacht.
- Roghnaíodh an scoil don chlár píolótach do mhodúl Polaitíochta agus Sochaí na hArdteistiméireachta.
- Tionscadal taighde folláine le Cigireacht na Roinne
- Is comhpháirtí taighde é Coláiste Pobail Dhún Seachlainn anois i gcomhar le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- Cheadaigh an SNTI (Seirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta) 11 uair an chloig do mhúinteoir tacaíochta iompraíochta. Beidh an múinteoir seo ag obair i gcomhar leis an ardbhainistíocht, an fhoireann agus na scoláirí ar gach gné d'iompraíocht na scoláirí laistigh den Choláiste agus beidh sé/ sí i dteagmháil leis an bhFoireann Tacaíochta Mac Léinn nua a cuireadh le chéile.
- Léirigh an Rannóg Cheoil - Calamity Jane, Songs for Syria, ceolchoirm ag am lóin, Ceolchoirm Concern Day.
- Seachtain na Gaeilge, Seachtain na Staire, Seachtain um Fheasacht don Mheabhairshláinte Dhearfach, Seachtain na Frithbhulaíochta, Seachtain na Litearthachta, Seachtain an Chairdis
- Bhuaigh na scoláirí faoi bhun 19 mbliana Cluiche Ceannais Scoileanna na hÉireann, agus bhí an rath orthu i gCúige Laighean Thuaidh san Iománaíocht faoi bhun 14 bliana d'aois.

Coláiste Uí Chearúlláin An Obair

Príomhoide: John Grant

Leas-Phríomhoide: Helen Loftus

Teileafón: 046 9052177

R-phost: ocarolancollege@lmetb.ie

Suíomh Gréasáin: www.ocarolancollege.ie

Clárú 2015: 648

Éachtaí/Forbairtí na Scoile

- Clárú:- 150 scoláire sa chéad bhliain a thug na huimhreacha go 648.
- Gradaim:- Fuair scoláire Scoláireacht na hÉireann de chuid JP Mc Manus.
- Fuair Coláiste Uí Chearúlláin an Bhratach Ghlas in 2015.
- Maoiniú caipitil:- 4 sheomra ranga réamhdhéanta bloc leithris.
- TFC: - osteilgeoirí caithimh ghearr suiteáilte.
- Cigireacht dhearfach ar Rannóg na Matamaitice.
- Cigireacht Theagmhasach Dhearfach.
- An Seó Tallaine Bliantúil i mí an Mhárta. Léirigh lucht na 5ú Bliana “Forty Four Sycamore” ar feadh dhá oíche in Amharclann Ramor i mí Aibreáin.
- Club Bricfeasta gach lá agus Club Obair Bhaile trí huaire in aghaidh na seachtaine.
- In 2015, bhí seachtain na Frithbhulaíochta, seachtain na Meabhairshláinte, Seachtain na dTeangacha, Seachtain na Matamaitice, Seachtain na nEalaíon, Seachtain na hEolaíochta
- Thug lucht na 2ú bliana cuairt ar an Dáil agus bhuail siad leis an TD áitiúil Helen McEntee
- Forbairt déanta ar an gClár Scoile dhá bhliain um Chur Chun Cinn na Sláinte atá á reáchtáil ag Regina Mulligan, agus arna chuidiú ag Carmel Killeen. Chuir scoláire clár cúig seachtaine i gcrích ar a dtugtar Nobberation Transformation a chuir an tsláinte agus an fholláine chun cinn, Rith 5km, rothaíocht 5500km ón Obair go dtí Nua-Eabhrac, Comórtas Bácáilte Sláintiúil agus cainteanna diatéitigh.

Coláiste Uí Fhiaich Dún Dealgan

Príomhoide: Padraig McGovern

Leas-Phríomhoide: Karen Patten

Teileafón: 042 9331398

R-phost: ofi@lmetb.ie

Suíomh Gréasáin: www.ofiaichcollege.ie

Clárú Nollaig 2015: 876

Éachtaí/Forbairtí na Scoile

- Bhí Seachtain na Meabhairshláinte Dearfaí ar siúl i gColáiste Uí Fhiaich i mí Eanáir 2015. I rith na seachtaine spreagadh na scoláirí uile chun 'siúl i mbróga' daoine eile a raibh deacrachtaí acu leis an saol. D'oibrigh scoláirí na hidirbhliana agus múinteoirí OSPS agus Reiligiúnach in éineacht le daltaí le bróga daite a chruthú ar a raibh teachtaireachtaí dearfacha atá ar taispeáint ag an doras tosaigh.
- 'Tá Gach Lá san Áireamh' ('Every Day Counts') ag Coláiste Uí Fhiaich – feachtas a bhí ar siúl ar feadh 7 seachtaine ag déanamh monatóireachta ar thinreamh laethúil na scoláirí agus ranganna a chur i gcoinne a chéile leis an taifead tinrimh is fearr a bhaint amach. Rinneadh bronntaí ar scoláirí a raibh tinreamh maith acu nó a chuir feabhas ar a dtinreamh.
- Thug Tomi Reichental, duine a tháinig slán ón Uileloscadh, cuairt ar an scoil i mí an Mhárta. Labhair Tomi leis na scoláirí faoina thaithí phearsanta mar leanbh sna sluachampaí géibhinn in Belsen-Bergen faoi riail na Naitsithe.
- Bhí seachtain na Litearthachta ar siúl i mí an Mhárta 2015. Bhí sraith imeachtaí ar siúl ar feadh na seachtaine – Lá Cluichí sa Leabharlann, Tráth na gCeist maidir le Peil sna ranganna Béarla, comórtas iScannáin (An Idirbhliain agus an Ardteistiméireacht Fheidhmeach), Ceardlanna Scríbhneoireachta Cruthaithí, Comórtas Féinín agus Comórtas Litrithe na Chéad Bhliana. Bronnadh duaiseanna ag deireadh na seachtaine.

Coláiste Ráth Tó

Príomhoide: Oonagh Prendergast

Leas-Phríomhoidí: Derek Ball, Aoife O'Dwyer

Teileafón: 01 8254102

R-phost: ratoathcollege@lmetb.ie

Suíomh Gréasáin: www.ratoathcollege.ie

Clárú 2015: 1,074

Éachtaí/Forbairtí na Scoile

- Comóradh an 10ú mbliain de Choláiste Ráth Tó agus an Ceiliúradh Diamaint i mí na Samhna nuair a tháinig banna an Airm agus nuair a crochadh bratach nua na scoile agus an bhratach náisiúnta. Bhí Taispeántas Ealaíne den scoth ann agus searmanas ina raibh léirithe ceoil ó scoláirí agus iarscoláirí.
- Torthaí Ardteistiméireachta & an Teastais Shóisearaigh den scoth agus lean níos mó ná 90% ar aghaidh go dtí an 3ú leibhéal.
- Bhí an fhoireann Díospóireachta Shóisearacha in iomaíocht i nDíospóireacht Chumann Dlí UCD/Choláiste na Tríonóide agus i nDíospóireacht Matheson de chuid MACE.
- D'fhreastail scoláirí ar thurais amharclainne, turais ealaíne agus thugadar cuairt ar Thaispeántas an Eolaí Óig, Sí an Bhrú agus a lán áiteanna eile. Bhí dhá thuras ar éirigh thar cionn leo thar lear i mí an Mhárta nuair a thaistil níos mó ná 100 scoláire sa chéad bhliain chuig an Iodáil agus nuair a thaistil 44 scoláire sinsearacha go dtí an tSín.
- Rinne cumann na dtuismitheoirí athsholáthar ar cuid mhór de ríomhairí na scoile. Lean Coláiste Ráth Tó ag cur feabhais ar chúrsaí teicneolaíochta, agus anois tá os cionn 400 scoláire a bhaineann úsáid as iPad dá bpríomhfhoinsí. Lainseáil Coláiste Ráth Tó a aip féin a bhfuil ag éirí thar cionn leis agus a bhfuil an-tóir air.
- Léiríodh an trí ceoldráma "All Shook Up" ar éirigh thar cionn leis. Agus díreach ina dhiaidh sin bhí ár Sráidbhaile Nollag, inar chruthaigh scoláirí na hidirbhliana Sráidbhaile Nollag do na scoláirí sna bunscoileanna mar rud speisialta agus draíochtach dóibh don Nollaig.

Scoil Uí Mhuirí Dún Léire

Príomhoide: Fiona Kindlon

Leas-Phríomhoide: Ray Donagh

Teileafón: 041 6851344

R-phost: scoiluimhuiri@lmetb.ie

Suíomh gréasáin: www.scoiluimhuiri.ie

Clárú Nollaig 2015: 623

Éachtaí/Forbairtí na Scoile

- Leathnaíodh amach curaclaim na Sraithe Sinsearaí le Tíreolaíocht agus Eolaíocht Talmhaíochta a chur san áireamh ann.
- Tugadh isteach níos mó seachtainí téamúla chun feabhas a chur ar an teagasc agus an fhoghlaim agus chun an fheasacht a chruthú ar líon ábhar, an Litearthacht, an Uimhearthacht, an Fholláine, Úsáid Chuí na Meán Sóisialta agus Stíleanna Maireachtála Gníomhacha ó thaobh na Sláinte de, ina measc.
- Cead pleanála do shíneadh dhá urláir don scoil.
- D'éirigh leo ag Gradaim Dragons Den agus Fiontair Idirbhliana de chuid Dhún Léire.
- Léirigh scoláirí na hIdirbhliana dhá cheoldráma – Mamma Mia agus Grease Summer Nights.
- Léirithe ag an gCéad Ócáid Mhór Cheoil de chuid an BOOLM.
- Gradam do Bharr Feabhais Teicneolaíochta i Scrúduithe an Stáit.
- Fuair dhá scoláire sinsearacha an Corn Lennon ag Gradaim Sárimreoirí CLG.
- D'éirigh leo i gComórtais Díospóireachta.
- Tugadh isteach iPadanna ar bhonn píolótach don teagasc agus foghlaim i seomra ranga na hIdirbhliana.
- Forbairt foirne déanta ar iLeabhair i raon de réimsí ábhair.
- Bhí scoláirí, an fhoireann agus tuismitheoirí rannpháirteach sa Tionscadal *Breathe*

Iarbhunscoil Naomh Fintina Maigh Dearbhaí

Príomhoide: Tom Stack

Leas-Phríomhoide: Monica Clarke

Teileafón: 046 9555018

R-phost: stfintinas@lmetb.ie

Suíomh gréasáin: www.stfintinas.ie

Clárú Nollaig 2015: 295

Éachtaí/Forbairtí na Scoile

- Bronntar an 3ú Bratach Ghlas de chuid na scoile ar choiste na Scoileanna Glasa.
- Fuair scoláirí ealaíne na chéad thrí ghradam i gComórtas Ealaíne Lógó an Bhóthair Bhuí de chuid Bhanc na hÉireann i mí Mheán Fómhair. Bhí scoláire a bhí mar an duine a bhain amach na pointí is mó san Ardteistiméireacht in 2015 le 570 pointe. Bhuaigh Naomh Fintina 3 ghradam Filíochta Francis Ledwidge agus príomhghradam amháin.
- D'úsáid scoláirí na chéad bhliana iPadanna de chuid Apple.
- Bhuaigh an Fhoireann Peile Shóisearach Craobhchomórtas Chúige Laighean Thuaidh. Shroich an fhoireann faoi bhun 14 bliana d'aois craobhchomórtas Chúige Laighean Thuaidh. Ghlac lucht na Dara Bliana páirt in Blitz 7 an taobh i nDún Geanaí. Bhí Foirne Cispheile na gCailíní sa Chéad agus Dara Bliain in iomaíocht sa tSraithchomórtas Cispheile Thoir Thuaidh. Shroich an Fhoireann Peile faoi bhun 18 mbliana d'aois Leathcheannais an chraobhchomórtais leathcheannais de Chúige Laighean Thuaidh i mí na Nollag agus shroich na hIománaithe Sinsearacha cluiche leathcheannais Chúige Laighean Thuaidh i mí na Samhna 2015.
- San áireamh sna turais agus turais oideachais bhí – Mianaigh na Teamhrach, Boirinn, Na Príomh-Chúirteanna Coiriúla i mBaile Átha Cliath, Músaem Dhún Uí Choileáin, Turas Siúlóide Bhaile Átha Cliath 1916, Teach Dála, Caisleán Bhaile Átha Troim, Teamhair, Léiriú oideachais de King Lear, 'Une Bande de Filles' le Céline Sciamma agus "An Triail" le Mairéad Ní Ghráda. Rinneadh lucht na 6ú Bliana a bhfiosrúchán Tíreolaíochta ar na Próisis Gheomorfacha i mBinn Éadair agus d'imigh Ranganna Bitheolaíochta na hArdteistiméireachta ar Thuras Éiceolaíochta go dtí Páirc an Fhionnuisce agus chuig Zú Bhaile Átha Cliath. Ghlac Scoláirí TSCS páirt i dtaispeántas "Cruthaigh Leabhar" ("Make a Book") i mBaile Átha Cliath agus thaistil siad go dtí na hOifigí Cathartha i mBaile Átha Cliath chun a leabhair ar a dtugar "Monsters Think" a chur ar sheóthaispeáint.

Coláiste Pobail Naomh Oilibhéar Droichead Átha

Príomhoide: John Halpin

Leas-Phríomhoidí: Úna Kirk, Mary Donaghy

Teileafón: 041 9838390

R-phost: socc@lmetb.ie

Suíomh gréasáin: www.socc.ie

Clárú Nollaig 2015: 1,275

Éachtaí/Forbairtí na Scoile

- Síneadh 10 seomra agus bealach isteach nua chun tosaigh curtha i gcrích agus oscailte go hoifigiúil ag Gerald Nash TD Aire Stáit atá freagrach as Gnó agus Fostaíocht, Peter Kierans Príomhfheidhmeannach BOOLM agus Cathaoirleach BB Choláiste Pobail Naomh Oilibhéar Sharon Tolan.
- Tá fócas straitéiseach ag an bhFoireann um Thionscnamh Folláine (FIT) chun an rannpháirtíocht i gcúrsaí spóirt agus gníomhaíochtaí a chur chun cinn agus bhí raon imeachtaí agus comórtais ar siúl agus ghlac 400 páirt i mionmharatón.
- An chéad scoil i gCúige Laighean ar bronnadh Sciath Ghorm de chuid an ISPCC uirthi do pholasaithe & gníomhartha ar an bhfrithbhulaíocht.
- Cuirtear an Mhatamaitic Fheidhmeach agus an Rúisis ar fáil mar ábhair Ardteistiméireachta agus Staidéar Timpeallachta agus Sóisialta ag an Teastas Sóisearach.
- Léiríodh 'Romeo and Juliet' agus bhuadar Gradaim náisiúnta de chuid Amharclann Bhord Gáis don Léiriú is Fearr & don Phríomhpháirt is fearr. Léiríonn an grúpa drámaíochta 'The Crucible' le Arthur Miller in Ionad Ealaíon Dhroichead Átha.
- Buann grúpa na hIdirbhliana comórtas Euroscala agus beidh an rang iomlán ag tabhairt cuairte ar Pharlaimint na hEorpa in Strasbourg an bhliain seo chugainn dá gcomórtas 'féinín Eorpach'.

Iarbhunscoil Naomh Oilibhéar An Seanchaisleán

Príomhoide: Martin O'Reilly

Leas-Phríomhoide: Brendan Corcoran

Teileafón: 049 8541180

R-phost: stoliverpostprimary@lmetb.ie

Suíomh gréasáin: www.stoliverpps.ie

Clárú Nollaig 2015: 559

Éachtaí/Forbairtí na Scoile

- Gradam Eolaí Óg BT agus an Fhiontair Náisiúnta – tionscadal um fhairtheoireacht ar chaoirigh
- Sa bhabhta ceannais Díospóireachta de chuid Concern
- Scoláireacht Innealtóireachta i gcomhar le Scoil Teangacha Shandon Language
- Gradaim sa Bhratach Ghlas agus sa Bhratach Ómrach
- Páirc nua Astro turf i gcomhar le Maoiniú ón gCaipiteal Spóirt
- Síneadh 4 sheomra praiticiúla nua agus Aonad Riachtanas Speisialta nua.
- Cigireacht 2 lá ar an bhFraincis i mí Mheán Fómhair
- Ceoldráma na Scoile ar feadh 2 oíche - Hairspray
- San áireamh sna seachtainí téamúla bhí Seachtain na Matamaitice (Eanáir), Seachtain na Gaeilge (Márta), Seachtain na Meabhairshláinte Dearfaí (Deireadh Fómhair), Seachtain na Litearthachta (Deireadh Fómhair)
- Tionóil disciplín Dhearfacha Rialta
- Rith tiomsaithe airgid ar an 21 Meán Fómhair
- Rugbaí do chailíní agus do bhuachaillí tugtha isteach chuig an scoil
- Oiliúint Garchabhrach don Fhoireann
- Scoil phíolótach don Chódú mar chuid den tsraith shóisearach nua.

Coláiste Naomh Peadar Dún Búinne

Príomhoide: Maureen Murray

Leas-Phríomhoidí: Liam Greene, Paul O'Leary

Teileafón: 01 8252552

R-phost: stpeterscollege@lmetb.ie

Suíomh gréasáin: www.stpeterscc.ie

Clárú Nollaig 2015: 1,133

Éachtaí/Forbairtí na Scoile

- Rannpháirteach go gníomhach i dTionscadal Míreanna Mearaí na Mí agus an tSamhail Cúraim atá á cleachtadh sa scoil. San áireamh sa choiste stiúrtha tá an fhoireann, na scoláirí, iardhaltaí, tuismitheoirí, baill den phobal agus an bhainistíocht.
- Chuir 30 Scoláire an Gaisce Cré-Umha i gcrích.
- San Fhómhar ceadaíodh dhá Aonad ranga um Neamhord ar Speictream an Uathachais (ANSU). Táthar ar súil go mbeidh an t-aonad in úsáid ag múinteoirí a bhfuil cáilíochtaí CRS acu agus ag CRSanna
- Bhuaigh an scoil Corn Náisiúnta na Scoileanna a reáchtáil Basketball Ireland, Cluiche Ceannais Pheil Ghaelach Chailíní Sinsearacha Chúige Laighean, Sraithchomórtas Pheil Ghaelach Bhuachaillí Sinsearacha Chúige Laighean Thuaidh, Cluiche Ceannais Chúige Laighean.
- An ceoldráma in 2015 ba ea 'The Little Shop of Horrors' agus an léiriú drámaíochta ba ea 'Sive'
- Sa rang Ardteistiméireachta in 2015 bhí 40 scoláire a fuair 500 pointe nó níos mó a léiríonn 22.9% díobh a rinne an scrúdú. Bhain 75% den rang níos mó ná 330 pointe amach. D'éirigh lenár 18 scoláire den Ardteistiméireacht Fheidhmeach 4 Phas le Moladh, 12 Phas le Tuillteanas agus 2 phas.
- Chuir foireann na gCúntóirí Riachtanas Speisialta an seomra Cluichí le chéile chun spás a chur ar fáil do leanaí chun leadóg bhoird, game boy, dairteanna agus cluichí eile a imirt. Tagann an club leabhar le chéile gach seachtain chun scoláirí a spreagadh chun léamh ar mhaithe le pléisiúr. Cuireann an tionscadal um bia sláintiúil, club folláine Dé hAoine agus campa aclaíochta chailíní na séú bliana freagraí dearfacha ar fáil. Leis an gclub códaithe, na heolaithe óga, ionad foghlama na matamaitice, an fhoireann díospóireachta agus na scoileanna glasa tugtar taithí leathan do na scoláirí chun cur le foghlaim na scoláirí, tógáil agus forbairt a dhéanamh uirthi.

Institiúid Breisoideachais Dhroichead Átha – DIFE

Príomhoide: David McDonnell

Leas-Phríomhoide: Eilis Flood

Teileafón: 041 9837105

R-phost: info@dife.info

Suíomh gréasáin: www.dife.info

Clárú Nollaig 2015: 503

Éachtaí/Forbairtí

- Tairgeadh trí ghradam nua mhóra sa choláiste i mbliana (1) QQI Leibhéal 5 Sna hEalaíona Cócaireachta, Córais Ríomhaireachta agus sna Líonraí Faisnéise Ríomhairithe.
- Athfhorbairt ar láthair ceaintín na scoláirí le píosa a coimisiúnaíodh go speisialta a rinne iarscoláire dar teideal 'Grounded Wisdom'. Rinneadh athchóiriú ar an seomra córas agus líonraí Ríomhaireachta.
- Chuir céimithe faisin agus deartha a gcuid oibre os comhair an phobail i bhfuinneoga Brown Thomas mar chuid den Tionscadal Gailearaí 'Ealaín a Aimsíodh' (Found Art). Tá an ceathrar ag staidéar faoi láthair in NCAD.
- Le Polasaí Teagaisc agus Foghlama an Choláiste agus le Polasaí Measúnaithe an Choláiste rinneadh meastóireacht agus athfhorbairt orthu. Pleanáil déanta le feabhas a chur ar na hamanna 'criticiúla' den bhliain e.g. na chéad dhá sheachtain den bhliain acadúil nuair is gá níos mó ná 800 scoláire a chlárú ar ár gcúrsaí.
- Baineadh leas as tacaíocht treorach bhreise i rith mhí Eanáir agus mhí Feabhra chun treoir bhreise a chur ar fáil do scoláirí lena n-iarratais CAO agus UCAS.
- Cuairt tugtha ar na scoileanna uile i Lú/sa Mhí/ i mBaile Átha Cliath Thuaidh chun an Breisoideachas a chur chun cinn – go háirithe maidir leis an naisc idir cúrsaí breisoideachais agus ardoideachais. I gcomhpháirtíocht le comhghuaillíocht breisoideachais/ardoideachais Réigiúnach a bunaíodh chun imscrúdú a dhéanamh ar na bealaí dul chun cinn idir an breisoideachas agus an t-ardoideachas.
- Bhí DIFE rannpháirteach sna Sraithchomórtais Ardoideachais sa Chispheil, Sacar agus Peil Ghaelach.
- Bhí scoláirí ilmheán DIFE rannpháirteach sa tionscadal códaithe de chuid Intel ag forbairt MOOC ar líne mar chuid den modúl um Cheapadóireacht Gréasáin.

Coláiste Breisoideachais Dhún Búinne

Stiúrthóir: Denis Leonard

Teileafón: 01 8026577

R-phost: dunboynecfe@lmetb.ie

Suíomh gréasáin: www.dunboynecfe@lmetb.ie

Clárú Nollaig 2015: 503

Éachtaí/Forbairtí

- Forbraíodh Cúrsaí Nua in 2015: Cócaireacht Ghairmiúil Leibhéal 6, Ríomhghnó, Scileanna Seirbhíse Sláinte, na Meáin Chruthaitheacha
- Láthair tacaíochta nua agus áiseanna ceaintín, leabharlann nua, sciathán nua do chúram leanaí agus don altranas. Carrchlós nua. Infheistíocht i dtrealamh nua don altranas, cúram leanaí, eolaíocht etc. Forbraíodh an tríú seomra ríomhaireachta chun cúrsaí ríomhaireachta nua, cumarsáid agus próiseáil focal a éascú chomh maith le Leibhéal 6 sna hIlmheáin agus cúrsa sna Meáin Chruthaitheacha
- Tairgeadh áiteanna tríú leibhéal do 90% dár gcéimithe a fuair na dámhachtainí iomlána. D'imigh líon scoláirí isteach i saol an Chúraim Leanaí, na Cócaireachta agus an Ghnó.
- Reáchtáladh ceolchoirm do cheoltóirí atá agus a bhí i gColáiste Dhún Búinne
- Bhuaigh ceathrar scoláirí meascán de bhoinn óir, airgid agus cré-umha i gcomórtas cócaireachta idirnáisiúnta san RDS.
- Bhí an léachtóir spóirt, Eoin Doyle ag sraith Idirnáisiúnta na hAstráile i bPáirc an Chrócaigh thar ceann na hÉireann i mí na Samhna. Bhí scoláire spóirt sa bharr 6 cúpla uair ag craobhchomórtais snámha Shiondróm Down an Domhain i Meicsiceo an bhliain seo caite agus sna Craobhchomórtais Eorpacha san Iodáil i mbliana bhuaigh sí dhá bhonn airgid agus bonn cré-umha.
- Bhonn na hAirí Joan Burton agus Damien English stádas mar choláiste neamhspleách i mí na Bealtaine.
- Torthaí den Mheasúnú Riachtanas: ní mór go bhfásfaidh an spás foirgnimh agus líon na scoláirí chun freastal ar an easnamh scileanna atá ag fás sa cheantar tíreolaíochta. Is é uasteorainn na n-áiteanna ná 292 agus tá 490 scoláire ag DCFE.

Pobalscoil Náisiúnta Ard Rí

Príomhoide: Darragh Roe

Teileafón: **087 1341007**

R-phost: droe@lmetb.ie

Suíomh gréasáin: www.ardricns.ie

Scoláirí: **163**

Éachtaí/Forbairtí na Scoile

- Cead tugtha le haghaidh ceithre sheomra ranga nua ag Seanbhaile Réisc, An Uaimh, Co. na Mí.
- Ceiliúradh Diwali, Eid ul'Adha, An Nollaig, Grianstad an Gheimhridh agus Lá Charles Darwin a léiríonn na Creidimh atá ag baill ár bpobail scoile.
- D'eagraigh ár gCumann Tuismitheoirí an chéad Lá Spraoi de chuid Ard Rí agus d'fhreastail níos mó ná 500 duine air ag a raibh preabchaisleáin, beárbaiciú, péinteáil aghaidhe, tarraingt na téide agus rásaí.
- Is rud leanúnach é Scoileanna Gníomhacha. Leis an Seachtain Ghníomhach, turais scoile bunaithe ar ghníomhaíochtaí, snámh, aclaíocht ar feadh cúig nóiméad gach maidin, an bus scoile a shiúlann agus Kichams de chuid Ard Rí tá gach duine ag coimeád aclaí. San áireamh sna gníomhaíochtaí seach-churaclaim atá ar fáil tá Scipeáil, Ealaín, Club Obair Bhaile, Club i ndiaidh Scoile, An Fheadóg Stáin, Urlabhra agus Drámaíocht agus spóirt mhachaire Dé hAoine. Reáchtáladh ceardlanna sábháilteachta ar an rothar agus ceardlanna frithbhulaíochta 'Maidí agus Clocha' do Rang a Trí agus Rang a Ceathair.
- Tugadh tacaíocht do Ghrúpa Dlúthpháirtíochta Theifigh Calais de chuid na hUaimhe le bailiúchán éadaí agus soláthairtí. Chuir Cros Dhearg na hÉireann líon coimeádán chuig Calais agus timpeall na hEorpa i mí Dheireadh Fómhair.
- Reáchtáladh an Seó Geimhridh bliantúil 'Shrek the Best Bits' san Óstán Ardboyne ar an 15ú Nollaig.
- Bhailigh Cumann na dTuismitheoirí níos mó ná €1,000 tríd an gcéad Taispeántas Ealaíne bliantúil a reáchtáil. Mhúin Compántas Drumadóireachta Jabba, Jabba, Jembe ceardlann drumadóireachta ar feadh lá amháin do na leanaí in Ard Rí a bhuíochas dár gCumann Tuismitheoirí.
- Tá 2 mhúinteoir i mbun Teastas Iarchéime a dhéanamh san Oideachas Eiticiúil agus Ilchreidmheach
- Tá 4 mhúinteoir atá i mbun oiliúna roghnaithe ag bainistíocht na scoile mar chuid den Fhoireann Tacaíochta Gairmiúla.

An tIonad um Scolaíocht Eorpach

Stiúrthóir: Nollaig Gavin

Teileafón: 01 8259679

R-phost: ces@lmetb.ie

Suíomh gréasáin: www.europeanschooling.eu

Éachtaí/Forbairtí na Scoile

- Ceapadh Nollaig Gavin mar Stiúrthóir an Ionaid um Scolaíocht Eorpach (ISE).
- Bhuaigh scoláire duais i gComórtas Filíochta Frances Ledwidge agus bhain scoláire eile 10 A sa Teastas Sóisearach.
- Bhí an ISE rannpháirteach i Seachtain an Chairdis agus in imeachtaí chun Lá na dTeangacha Eorpacha a chomóradh. I mí an Mheithimh chuir scoláirí na bunscoile tionscadal teangacha i láthair ar Lá na Náisiún Aontaithe
- D'fhoilsigh an ISE nuachtlitir Buzz eagráin i mí an Mheithimh agus i mí na Nollag in 2015. Tá an nuachtlitir leathbhliantúil lán le nuacht agus samplaí d'obair ónár scoláirí uile agus scaiptear í ar fud líonra na Scoileanna Eorpacha agus Ghníomhaireachtaí an Choimisiúin Eorpaigh.
- Bhailigh an ISE agus Scoil Náisiúnta Naomh Seachnall agus Coláiste Pobail Dhún Seachlainn €1700 do Ghéarchéim Theifigh de chuid na Siria & €1100 don ISPCA agus SVP
- D'eagraigh scoláirí ISE Club Scannánaíochta ina dtaispeánann siad scannáin Eorpacha go rialta.

Críochnú Scoile na hUaimhe

Comhordaitheoir: Christina Nester

Teileafón: 046 9060710

R-phost: cnester@lmetb.ie

Suíomh gréasáin: www.lmetb.ie

Éachtaí/Forbairtí

- Oibríonn Clár um Chríochnú Scoile na hUaimhe (CCSU) le spriocghrúpa de 300 scoláire atá idir 6 bliana d'aois agus 18 mbliana d'aois. Is é an fócas ná a chinntiú go mbíonn tinreamh dearfach ann, go bhfanann siad ar scoil agus go mbíonn siad rannpháirteach sa scoil. Cuirtear cláir i bhfeidhm ag leibhéil ar leith agus ag leibhéal grúpa leis an leanúnachas a chinntiú inár gcóras. Is é an aidhm iomlán agus fís atá againn faoi TUSLA ná an tinreamh agus rannpháirtíocht sa scoil a chinntiú agus go bhfanann siad ar scoil. Baintear é seo amach trí thacaíocht inscoile, tar éis scoilea, saoire agus tacaíocht lasmuigh den scoil.
- Is é ról an CCSU ná mar idirghníomhaíocht agus suíonn Oifigeach Idirchaidrimh Óige an Gharda Síochána agus Comhordaitheoir Choistí Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga de chuid TUSLA ar ár gcoiste. Lenár gcuid oibre dírítear orthu siúd is mó i mbaol agus bíonn ionchur ag teastáil ó ghníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha.
- Freastalaíonn na clubanna obair bhaile agus gníomhaíochtaí i ndiaidh scoile ar suas le 150

	scoláire gach seachtain idir bunscoileanna agus iarbhunscoileanna. • Cuirimid spreagthaí ar fáil ó thaobh tinrimh agus rannpháirtíochta i rith na bliana. Na scoláirí ar tháinig an feabhas is mó orthu, na scoláirí leis an Tinreamh is Fearr, na scoláirí ar tháinig feabhas orthu ó thaobh tinrimh de.

Breisoideachas agus Oiliúint

Seirbhísí Oideachais Phobail An Mhí

Éascaitheoir Oideachais Phobail:

Shauna Doherty

Teileafón: 046 9012154

R-phost: sdoherty@lmetb.ie

Éachtaí/Forbairtí

- 1,000 foghlaimeoir as níos mó ná 50 grúpa
- Clár Forbartha Pobail ag Leibhéal 5 de chuid QQI curtha ar fáil i gCeanannas agus Obair Óige ag Leibhéal 5 de chuid QQI san Uaimh
- Cláir TF, Réamheolas ar an Idirlíon agus ar an Ríomhphost ag baint úsáide as Gléasanna Cliste san áireamh
- Modúil um Thacaíocht Cúram Sláinte ag Leibhéal 5 de chuid QQI curtha ar fáil do 40 ball foirne de chuid an FSS atá ag obair sa réimse cúram sláinte agus baineadh amach miondámhachtainí
- D'eagraigh an tSeirbhís Oideachais Phobail an lainseáil oifigiúil de shean-Phobalscoil Bhaile Átha Buí a athchóiríodh mar Ionad Foghlama ALPHA de chuid Bhaile Átha Buí i mí Mheán Fómhair
- Ghlac an tSeirbhís Oideachais Phobail cúram bainistíochta an ionaid Alpha seo agus rinneadh maoirseacht ar na hoibreacha deireadh chun an foirgneamh a chríochnú e.g. athmhaisiú, athstocáil agus athfhearastú an ionaid. Leanann

Seirbhísí Oideachais Phobail Lú

Éascaitheoir Oideachais Phobail:

Sinead Fearon

Teileafón: 042 9364627

R-phost: sfearon@lmetb.ie

Éachtaí/Forbairtí

- Líon na bhfoghlaimeoirí in 2015: 1,292
- Líon na Miondámhachtainí QQI in 2015: 249
- Rinneadh Deontais OP BOOLM agus cláir BENEFIT IIII a riar i gcomhar le hÉascaitheoir Oideachais Phobail (ÉOP) sa Mhí agus cláir breisoideachais agus oiliúna i gCo. Lú.
- Nasc áitiúil d'Fhéile Foghlaimeoirí Aosaigh de chuid AONTAS.
- Bhí an tÉascaitheoir Oideachais Phobail mar ionadaí ar CEFA, fóram AFET de chuid BOOÉ agus naisc leanúnacha le leasanna reachtúla, pobail agus deonacha i gCo. Lú
- Oiliúint Promethean Whiteboard, oiliúint Drive, agus oiliúint iPad do theagascóirí.
- Bhí ionchur ag Clár Deontas an Oideachais Phobail sa tionscadal fiontar sóisialta Mo Shráideanna Droichead Átha (My Streets Drogheda) a bhain poiblíocht náisiúnta amach.
- Chuir an tÉascaitheoir Oideachais Phobail an clár TV3 'Faigh na huimhreacha, scríobh' ('Get the Numbers, Write') agus an líne chabhrach saorghlao chun cinn agus thug sí tacaíocht dóibh.

an tseirbhís Oideachais Phobail ag déanamh cúraim ar bhainistíocht laethúil an ionaid seo. • Chuir an tseirbhís Oideachais Phobail an clár TV3 'Faigh na huimhreacha, scríobh' ('Get the Numbers, Write') agus an líne chabhrach saorghlao chun cinn agus thug sí tacaíocht dóibh.	• Freastalaíodh ar an gCeardlann Foghlaimeora Sláinte agus Folláine don Bhainistíocht de chuid FESS agus ag Comhdháil Náisiúnta de chuid CEFA. Bhí an tÉascaitheoir Oideachais Phobail mar bhall de ghrúpa pleanála Chomhdháil Bhliantúil FET de chuid BOOÉ.

Seirbhís Treorach san Oideachas Aosach, an Mhí

Comhordaitheoir: Martin Bellew

Teileafón : 046 9012167

R-phost: maegs@lmetb.ie

Éachtaí/Forbairtí

- 3,248 tairbhí lena n-áirítear 1,933 cliant ar leith, 718 fiosrú ón bpobal i gcoitinne, 1,380 ball de 102 grúpa éagsúla
- Bhí Seisiúin Bualadh Isteach um Eolas ar Threoir san Uaimh, i gCill Dhéagláin, i mBaile an Bhiataigh, san Inse, i Dún Búinne, i mBaile Átha Troim, i gCeanannas, sa Seanchaisleán agus i mBaile Átha Buí.
- Thug STOAM tacaíocht don RCS le heolas leanúnach. Bhí Seisiúin Eolais san Uaimh, i mBaile Átha Troim agus i gCeanannas.
- Tugadh léargas ginearálta ar sheirbhísí agus an nós imeachta atreoraithe de chuid an BOO do bhaill foirne nua den ghníomhaireacht.
- Tugadh seisiúin eolais leanúnacha do scéimeanna an oideachais phobail, do Ghrúpaí Pobail agus d'eagraíochtaí ar fud Chontae na Mí.
- Cuireadh cainteanna leanúnacha Eolais ar an Dul Chun Cinn um Threoir sa Rang ar fáil don BTEI agus ABE.
- Chuir STOAM seirbhísí chun cinn ina raibh táblaí eolais rialta faoi bhun bhaill foirne STOAM. Bhíomar i láthair d'imeachtaí RCS, Comhpháirtíocht na Mí um Rochtain ar an Rath,

Seirbhís Treorach san Oideachas Aosach, Lú

Comhordaitheoir: Ann Fallon

Teileafón: 041 9842030

R-phost: laegis@lmetb.ie

Éachtaí/Forbairtí

- Tairbhithe iomlána den tseirbhís – 2,461
- Ceardlann Oiliúna Agallaimh curtha ar fáil do Horseware Positive 2 oibrí faoi oiliúint.
- Rannpháirteach Seachtain na Jabanna de chuid an RCS i nDroichead Átha agus i nDún Dealgan agus comhoibríodh ar a seisiúin Rannpháirtíochta Grúpa i nDroichead Átha agus i mBaile Átha Fhirdhia
- Reáchtáladh Ceardlanna CAO do mhic léinn lánfhásta mar chuid den tSeachtain um Fheasacht ar Choláistí
- Tugadh seisiúin eolais do Chlub Jabanna Dhroichead Átha & Dhún Dealgan, don Líonra Náisiúnta Foghlama, Turás, scéimeanna Oideachais Phobail agus Grúpaí Pobail.
- Agallaimh ar LMFM agus ar Dundalk FM.
- Cuireadh ceardlanna ar fáil mar chuid de Chlár Litearthachta um Oiliúint ar Theagascóirí i nDroichead Átha agus i nDún Dealgan araon.
- Cuireadh ceardlanna ar fáil dár mic léinn lánaimseartha agus pháirtaimseartha maidir le muinín, creidimh, scileanna inaistrithe, CVanna agus Airgeadas Coláiste

oícheanta oscailte scoile etc. Déanann STOAM ionadaíocht do bhaill foirne BOOLM, Breisoideachas agus Oiliúint ag cruinnithe choiste Chuardaitheoirí Poist Chontae na Mí	• Trialacha Inniúlachta & Pearsantachta d'fhoghlaimeoirí aosaigh.

Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG) Dún Dealgan

Comhordaitheoir: Lynne Keery

Teileafón: 042 9364621

R-phost: vtosdundalk@lmetb.ie

Éachtaí/Forbairtí

- Ceapadh Lynne Keery mar Chomhordaitheoir nuair a d'imigh Mary Connolly ar scor.
- Shuigh 25 foghlaimeoir an Ardteistiméireacht, shuigh 11 fhoghlaimeoir an Teastas Sóisearach agus chríochnaigh 11 fhoghlaimeoir Leibhéal 5 de chuid QQI.
- Cuireadh tús le Staidéar Idirchultúrtha Leibhéal 5 de chuid QQI
- iPadanna, MiTouch Boards agus freastalaithe aeir (airservers) ceannaithe le go mbeadh IWBanna níos inrochtana fós.
- Dlúthchaidreamh le LAEGIS a eagraíonn ceardlanna CAO, ceardlanna SUSI agus Cainteanna Coláiste 3ú Leibhéal lena chinntiú go mbíonn fáil ag foghlaimeoirí ar an eolas is mó suas chun dáta.
- Feidhmíonn SDOG Dún Dealgan comhchlár earcaíochta le BTEI. Cuirtear agallamh ar fhoghlaimeoirí atá ag iarraidh cúrsa Oideachais Aosaigh a dhéanamh agus cuirtear ar an gcúrsa oiriúnach iad

Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG) Droichead Átha

Comhordaitheoir: Elizabeth Cotterell

Teileafón: 041 9830870

R-phost: ecotterell@lmetb.ie

Éachtaí/Forbairtí

- Rannpháirteach i scáthú agus i laethanta oscailte na gcoláistí
- Turais chultúrtha agus oideachasúla chuig Amharclann na Mainistreach, Páirc an Chrócaigh, Ionad Ealaíon Droichead, Gailearaí na Lánaí Arda agus an Gailearaí Náisiúnta, Sí an Bhrú.
- Searmanas Bronnta Céimeanna nuair a bronnadh teastasú QQI agus teastais na Scrúduithe Stáit.
- Buaiteoirí i ngradaim de chuid Fhilíocht Francis Ledwidge.
- Ceardlanna grúpa a dhíríonn ar dhuine le duine a d'éascaigh LAEGIS inar clúdaíodh bealaí pleanáilte dul chun cinn, CAO/UCAS, cainteanna céimithe, scileanna infhostaíochta.
- Soláthar inseirbhíse leanúnach i gcomhar le hOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta & Theastasú an QQI agus FGL na Seirbhíse Tacaíochta Breisoideachais (STBO).

• Bíonn SDOG rannpháirteach freisin sa chlár Céimeanna chun Foghlama (Steps to Learning), comhthionscnamh i gcomhar le BTEI, ALS, Laegis agus an RSTC. • Turais oideachasúla chuig an nGailearaí Náisiúnta, Sí an Bhrú, Músaem Míleata Uí Choileáin, Teach na hEorpa, An Dáil, Músaem Dhún Dealgan, Dún Uí Choileáin, Músaem Uladh agus Gailearaí an Íoslaigh.	• Tugadh isteach an clár sceidealaithe '*Céimeanna chun Foghlama*' ('*Steps to Learning'*) agus an cúrsa friothálach '*Ag Filleadh ar an Staidéar*' ('*Return to Study'*) ina raibh iarratasóirí in ann cinneadh feasach a dhéanamh maidir leis an réimse de chúrsaí breisoideachais.

Scéim Deiseanna Gairmoiliúna (SDOG) An Uaimh

Comhordaitheoir: Margaret Deegan

Teileafón: **046 9010260**

R-phost: vtosnavan@lmetb.ie

Éachtaí/Forbairtí

- Cuirtear feabhas go leanúnach ar churaclaim an chláir SDOG le riachtanais scileanna an gheilleagair a léiriú.
- Thairg SDOG; Leibhéal 4 Filleadh ar an bhFoghlaim, Leibhéal 5 Néalríomhaireacht, Ardteistiméireacht, Clár Rochtana ar Choláistí de chuid UNISTART – Na Daonnachtaí & an Eolaíocht. Is dianchláir agus cláir lánaimseartha iad agus téann 85% de na scoláirí ar aghaidh go dtí an tOideachas Tríú Leibhéal.
- Bronnadh 76 dámhachtain iomlána, agus 243 miondámhachtain, in éineacht le teastais Ardteistiméireachta agus teastais aitheantais Coláiste de chuid UNISTART.
- D'fhreastail SDOG ar imeachtaí fiontair éagsúla agus d'éascaigh siad iad, a d'fhorbair próifíl níos láidre dár n-ionad, cuireadh scoláirí in aithne d'fhostóirí a d'fhéadfadh a bheith acu, ag cruthú deiseanna líonraithe agus fostaíochta.
- Athchóiriú déanta ar an halla ag an mbealach isteach.
- Bhailigh na scoláirí airgead d'Iontaobhas Peter Mc Verry Trust agus fuair siad €1,360. Rinneadh na scoláirí a chumasú mar gheall ar a bheith in

Seirbhís Foghlama d'Aosaigh (SFA) – An Uaimh

Comhordaitheoir: Bernie McKevitt

Teileafón: 046 9012156

R-phost: bmckevitt@lmetb.ie

Éachtaí/Forbairtí

- Cuireann SFA cúrsaí ar fáil san Uaimh, i mBaile Átha Troim, i mBaile Átha Buí, i gCeanannas, sa Seanchaisleán, i gCill Dhéagláin, i nDún Búinne, i nDún Seachlainn, i mBaile an Bhiataigh agus i Maigh Muirí.
- Dianoiliúint do Theagascóirí do riarachán cúrsa agus conas punanna modúil a chur i láthair. Leagadh béim ar an uimhearthacht, litearthacht agus TFC a chomhtháthú.
- D'eagraigh, d'fhógair agus reáchtáil scoláirí sa Seanchaisleán Taispeántas Ealaíne i Seanscoil Mhic Giolla Sheanáin
- Tá ról tábhachtach fós ag oibrithe deonacha sa tSeirbhís Litearthachta ina dtugann siad tacaíocht do ghrúpaí scoláirí agus do scoláirí duine le duine.
- Clár Foghlama Teaghlaigh do thuismitheoirí chun cuidiú lena leanaí & feabhas a chur ar a gcuid oideachais féin. Cuireadh 55 Clár Foghlama Teaghlaigh ar fáil do 396 tuismitheoir, Sábháilteacht Idirlín, Ag Tacú le Do Leanaí Bunscoile, Ag ullmhú an linbh don 2ú leibhéal, Cuir feabhas ar do Mhata/Gaeilge san áireamh.

ann cuidiú leo siúd a bhfuil cuidiú de dhíth orthu.	• D'oibrigh SFA le Scileanna don Obair chun 15 chlár a chur ar fáil i sé ionad le fostaithe ó na hearnálacha cosúil leis an déantúsaíocht, miondíol, tithe altranais, fáilteachas agus Comhairle Contae na Mí.

Seirbhís Foghlama d'Aosaigh (SFA) – Droichead Átha

Comhordaitheoir: Maria Morgan

Teileafón: 041 9830870

R-phost: mmorgan@lmetb.ie

Éachtaí/Forbairtí

- Chraol TV3 sraith cláir fhaisnéise 3 seachtaine ar a dtugtar 'Faigh na hUimhreacha, Scríobh' ('Get the Numbers Write) a lean saol 5 fhoghlaimeoir ó Sheirbhísí Foghlaimeora d'Aosaigh de chuid an BOOLM a rinne an cinneadh cróga chun filleadh ar an oideachas. Bhí na foghlaimeoirí mar aíonna freisin ar an seó bricfeasta TV AM, LMFM, Seó Pat Kenny agus Seó Moncrieff.
- Reáchtáladh Oíche Dámhachtainí san Óstán Boyne Valley i mí na Samhna ina raibh níos mó ná 200 scoláire a bhain teastais amach i Leibhéil 2, 3, 4 den QQI agus/nó sa Teastas Sóisearach.
- Chuir an tSeirbhís Foghlama d'Aosaigh Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta an BOOLM don Earnáil Bhreisoideachais le chéile, i gcomhréir le Straitéis Breisoideachais & Oiliúna 2015-2019 de chuid SOLAS.
- Reáchtáladh líon seisiún oiliúna um Fheasacht ar an Litearthacht do bhaill foirne an Ionaid Scileanna Réigiúnacha & Oiliúna.
- Aimsíodh Ionad For-rochtana i mBaile Átha Fhirdhia don bhreisoideachas i lár Chontae Lú.

Seirbhís Foghlama d'Aosaigh (SFA) – Dún Dealgan

Comhordaitheoir: Mary Reilly

Teileafón: 042 9353591

R-phost: mreilly@lmetb.ie

Éachtaí/Forbairtí

- Cuireadh réimse leathan clár ar fáil, ESOL, ITABE, Foghlaim Teaghlaigh, Duine le Duine, Scileanna don Obair, Oiliúint Tosaigh Teagascóirí do Theagascóirí Deonacha agus Oiliúint um Fheasacht ar an Litearthacht ina measc.
- Cuireadh réimse leathan de Chláir Foghlama Teaghlaigh le chéile agus cuireadh iad ar fáil i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna.
- Tugadh an deis d'fhoglaimeoirí ESOL lena scileanna teangacha a fhorbairt nuair a cuireadh tús le cruinnithe comhrá.
- Sa dara clár de 'Faigh na hUimhreacha Scríobh' ('Get the Numbers Write') díríodh ar an scil léitheoireachta agus rinneadh é a scannánú sa tSeirbhís Foghlama d'Aosaigh, Dún Dealgan.
- Thug Heinz Kampus cuairt agus d'inis sé a scéal maidir le bheith ag taisteal go hÉirinn tar éis an Dara Cogadh Domhanda mar chuid de lasta na Croise Deirge de leanaí ar ar tugadh 'Oibríocht na Seamróige'. Scríobh na foghlaimeoirí leabhar dar teideal 'Heinz, The Man Next Door'. D'fhreastail bean chéile Heinz agus a gharpháistí ar an lainseáil leabhair i mí an Mheithimh.

Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas - Lú

Comhordaitheoir: Sinead Fearon

Teileafón: 042 9334047

R-phost: sfearon@lmetb.ie

Éachtaí/Forbairtí

- Líon iomlán na bhfoghlaimeoirí in 2015 – 538
- Is é an aidhm a bhí ag Positive 2 Work, tionscnamh idir BOOLM, Skillsnet, RCS agus Horseware ná chun taithí oideachais agus oibre do dhaoine idir 18 mbliana d'aois agus 25 bliana d'aois atá dífhostaithe ar feadh tréimhse fada. Bhuaigh an tionscadal Gradam STAR. Tá rath an tionscadail Positive 2 Work athchruthaithe i trí chlár eile.
- D'éirigh le hIonad Oideachais Aosaigh, Dún Dealgan, a bheith ina ionad faofa ag City and Guilds.
- Ceannaíodh iPadanna don fhoghlaim fheabhsaithe, bogearra JAWS chun cuidiú le foghlaimeoirí a bhfuil lagú radhairc orthu, trealamh Mi Touch Board agus airserver chun feabhas a chur ar úsáid na gclár bána idirghníomhacha.
- Lean LAEGIS ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta don BTEI le hatreoraithe, tacaíocht d'fhoghlaimeoirí agus cainteanna SUSI & CAO.

Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas – An Mhí

Comhordaitheoir: Imelda Prunty

Teileafón: 046 9012153

R-phost: iprunty@lmetb.ie

Éachtaí/Forbairtí

- Líon iomlán na bhfoghlaimeoirí - 658 cuid mhór ag teacht isteach san BTEI ag Leibhéal 3 de chuid QQI agus téann siad ar aghaidh go dtí Leibhéal 5.
- Bhí Searmanas Bronnta Céimeanna ar siúl i mí na Nollag – 65 L3 Mórdhámhachtain; 31 L4 Mórdhámhachtain; 61 L5 Mórdhámhachtain.
- 27 cúrsa nua ag Leibhéil 3, 4 agus 5.
- Cuireadh isteach salón nua Gruagaireachta agus Bearbóra sa teach cúirte nach raibh in úsáid i gCeanannas.
- Thosaigh cúrsaí arís san Ionad Foghlama ALPHA a ndearnadh athchóiriú air le déanaí i mBaile Átha Buí.
- Bhailigh foghlaimeoirí BTEI €225 don Chumann Alzheimer nuair a reáchtáil siad Maidin Caife san Uaimh.
- Chuidigh scoláirí gairneoireachta ag Bloom. Ainmníodh an cúrsa Scileanna do Chúramóirí do Ghradam Aontas.
- Bhí teagascóirí rannpháirteach san oiliúint don Fhíorú Inmheánach don mheasúnú QQI agus d'fhreastail siad ar chúrsaí FGL i rith na bliana maidir le hOiliúint Breisoideachais, FARR agus

• Rannpháirteach san imeacht líonraithe “Measc le chéile” (“Mix and mingle”) mar chuid d’Fhéile na bhfoghlaimeoirí Aosaigh. • Is comhthionscnamh é an clár Céimeanna chun Foghlama (Steps to Learning) leis an RCS, LAEGIS agus RSTC a dhéanann soláthar d’atreoruithe foghlaimeora agus cinntítear go bhfuil siad curtha i bhfeidhm sna cláir go hiomchuí.	forbairt churaclaim. Fuair teagascóirí oiliúint maidir le húsáid an fheidhmchláir dhiagnóisigh agus tógála eochairscileanna BKSB. Leis an bhfeidhmchlár BKSB cuidítear le foghlaimeoirí diagnóis a dhéanamh ar an áit ina bhfuil a bhfadhbanna agus cuidítear leo feabhas a chur ar a gcuid Béarla, Matamaitice agus scileanna TFC.

Dul Chun Cinn Ógtheagmhála/ HIWAY

Comhordaitheoir: Eileen Gargan

Teileafón: 046 9021910/9074480

R-phost: egargan@lmetb.ie

Achievements/Developments

- Bhí 47 scoláire cláraithe san ionad i mí na Nollag, agus bhí 21 díobh ag déanamh staidéir ar Leibhéal 5 de chuid QQI, 17 díobh ag déanamh na hArdteistiméireachta Feidhmí agus 9 díobh ag déanamh staidéir ar Leibhéal 6.
- Ghlac scoláirí i mbliain a dó den Ardteistiméireacht Fheidhmeach i gComórtas Iontaobhas Oideachais Michael Sweetman, d'éirigh le 3 scoláire turas a bhuachan go dtí Parlaimint na hEorpa.
- Bhí Searmanas Dámhachtainí san Óstán Newgrange ar fhreastail an tAire Damian English air.
- Ghlac na scoláirí páirt i bhFéile na Seamróige agus fuair siad 'An Flóta is Fearr sa Pharáid'.
- Ghlac siad páirt in Taispeáin an Cárta Dearg don Chiníochas agus d'fhreastail siad ar shearmanas gradaim sa Staid Aviva.
- Eagraíodh crannchur ollmhór agus maidin caife chun cuidiú leis na cluichí Oilimpeacha speisialta agus bhailigh siad €1000.
- Fuair Dul Chun Cinn Ógtheagmhála Gradam Tús Áite as ucht a gcuid oibre ar Shráid Gheata Bhaile Átha Troim.

Ógtheagmháil Chill Dhéagláin

Comhordaitheoir: Alan Larkin

Teileafón: 01 8359085

R-phost: alarkin@lmetb.ie

Achievements/Developments

- Reáchtáladh oíche dámhachtainí san Óstán Pillo. Bronnadh dámhachtainí ar an nGnóthachtálaí is Airde agus Scoláire na Bliana.
- Ar an ngearrliosta do ghradam Star agus X hale Aontas.
- Shroich siad na Cluichí Cáilithe den chomórtas Náisiúnta Peile 5 an taobh.
- Forbraíodh Modúl do Phleanáil Gairmeacha le bheith Infhostaithe de chuid an QQI. Tá 4 réimse staidéir roghnacha ann; léiriú ceoil, dearadh & meáin mheasctha, stair na hÉireann agus ardchúrsa TF. Mar chuid de na roghanna seo, éiríonn le scoláirí staidéar agus plé a dhéanamh ar bhealach atá níos orgánaí.
- Lainseáladh clár nua tacaíochta Litearthachta agus Uimhearthachta ina bhfuil cineálacha nua de straitéisí téacsála agus tacaíochta san áireamh.
- Tionscadal comhoibríoch ceoil ar siúl i gcomhar le hÓgtheagmháil na hInse Bhaile an Bhiataigh
- Chuir an Garda Pobail modúil sábháilteachta bóthair agus Sábháilteachta Idirlín agus

• Shínigh BOOLM léas d'fhoirgneamh nua do Dhul Chun Cinn Ógtheagmhála ar Bhóthar Dan Shaw san Uaimh. Beidh Ionad Highway agus Gheata Bhaile Átha Troim le chéile anois san fhoirgneamh amháin agus beidh dóthain spáis ann do na cláir.	chomhoibrigh siad linn ar scannán gairid maidir leis na dainséir a bhaineann le bheith ag ól faoi bhun aoise.

Ógtheagmháil Cheanannais

Comhordaitheoir: Fiona Graham

Teileafón: 046 9249665

R-phost: fgraham@lmetb.ie

Éachtaí/Forbairtí

- Maoiniú faighte chun athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgneamh a chuirfidh le caighdeán an chláir agus an úsáid is fearr a bhaint as an spás atá ann cheana féin.
- An Mheantóireacht, measúnuithe GL, Cruinnithe Iontrála & Measúnú ar scoláirí nua. Athbhreithniú ar na scoláirí atá ann cheana féin, d'fhreastail na tuismitheoirí agus scoláirí ar an gcruinniú, cruinnithe leis an bhFoireann Cúraim. Baill foirne mheantóireachta agus scoláirí ag meaitseáil cruinnithe athbhreithnithe.
- Bhuaigh na scoláirí Gradam Molta Speisialta as ucht a gcuid oibre chun feabhas a chur ar an bpobal áitiúil.
- Cuireadh Seirbhís do Chustaiméirí, Staidéir Chultúrtha, YSI, Gaisce, OSPS, Roghanna Cothúcháin agus Sláintiúla leis an gclár.
- Ceannaíodh 26 ríomhaire deisce, clár bán agus scáileán tadhaill idirghníomhach.
- Cuireadh Meantóireacht agus Comhairleoireacht ar fáil do na scoláirí uile
- Bhí na scoláirí rannpháirteach i réimse leathan gníomhaíochtaí le linn sheachtain na meabhairshláinte.

Ógtheagmháil Bhaile Átha Troim

Comhordaitheoir: Mary Hibbits

Teileafón: 046 9431203

R-phost: youthreachtrim@lmetb.ie

Éachtaí/Forbairtí

- Leibhéal 3, 4 Garchabhair Ghairme, HACCP agus Láimhsiú Sábháilte de chuid QQI curtha ar fáil.
- Oiliúint um fheasacht ar an Sláinte Ghnéis, an chibearbhulaíocht, feasacht ar dhrugaí, an fholláine phearsanta agus an mheabhairshláinte.
- San áireamh sna gníomhaíochtaí seach-churaclaim bhí sacar, giomnáisiam, boghdóireacht, rith, cadhcáil, déanamh scannán agus ceol agus drámaíocht.
- Ghlac scoláirí agus baill foirne i Spraoi Mór.
- Eagraíodh Turais ionaid agus gníomhaíochtaí spraiúla agus freastalaíodh orthu i rith na bliana, Hamlet san Helix san áireamh.
- Clár Tionscadail Phobail ina ndearnadh Lána Graifítí a athmhaisiú faoi threoir John O'Reilly – ealaíontóir a bhfuil duaiseanna buaite aige.
- Fuair scoláire Gradam de chuid na mBailte Slachtmhara.
- Rinneadh athchóiriú ar an ionad agus maisíodh é ag déanamh athsholáthair ar na hurláir agus an troscán agus tugadh trealamh agus áiseanna TF suas chun dáta.

• Cuireadh oiliúint sheach-churaclaim ar fáil do scoláirí; Tástáil Teoirice do Thiománaithe, Garchabhair, Seirbhísí do Chustaiméirí, Oideachas um Fheasacht ar Dhrugaí.	

Fondúireacht Ógtheagmhála

Comhordaitheoir: Nicola Galvin

Teileafón: 046 9012165

R-phost: ngalvin@lmetb.ie

Éachtaí/Forbairtí

- Rinne an tIonad infheistíocht mhór i dtrealamh/áiseanna TF. Cuireadh isteach Wi-Fi san fhoirgneamh iomlán, in éineacht le ríomhairí glúine, teiligeoirí nua i ngach seomra ranga agus clár bán idirghníomhach a cheannach.
- Rinneadh athsholáthar ar fhearais cistine agus ar urláir chomh maith le seomraí folctha nua agus rinneadh é a phéinteáil arís. Tá an foirgneamh an-chairdiúil agus tarraingteach agus tá sé seo an-tábhachtach i dtimpeallacht foghlama ar bith.
- Ghlac na scoláirí páirt i laethanta Spóirt agus comórtais sacair ar fud an Chontae. Ceannaíodh trealamh nua spóirt.
- Turais éagsúla agus oideachasúla lena n-áirítear Ionaid Eachtraíochta agus turais tógála foirne, laethanta gníomhaíochta spraíúla, scátáil oighir agus rásaíocht chairtíní ina measc, chomh maith le Laethanta Oscailte na gColáistí.
- D'fhreastail an fhoireann ar Chosaint Leanaí, oiliúint TF, an Litearthacht agus an Uimhearthacht, QQI, an fhoghlaim Chomtháite, Grúpaí Modúil ar Leith.
- Díríodh níos mó fiú ar an Litearthacht san Ionad leis an bhFoireann Litearthachta Ainmnithe.

Ógtheagmháil na hInse/ Bhaile an Bhiataigh

Comhordaitheoir: Vivienne Branigan

Teileafón: 041 9813401

R-phost: vbranigan@lmetb.ie

Éachtaí/Forbairtí

- Searmanas Oíche Dámhachtainí i mí na Samhna, bhain cuid mhór scoláirí dámhachtainí amach ag Leibhéal 3 agus mórdhámhachtainí ag Leibhéal 4, dámhachtain comhábhair i gCúrsaí Slándála, Láimhsiú Sábháilte, Slándáil Doirse agus Slándáil Imeachtaí, Dámhachtainí Rannpháirtíochta sa scéimh, gruagaireacht, spórt agus cadhcáil.
- Cuireadh dhá Chlár Bán Idirghníomhacha nua isteach agus tugadh ríomhairí deisce suas chun dáta.
- Ceardlann ó Si Moon Rhythm.
- I mí an Mheithimh bhí a Lá Spóirt bliantúil ag an ionad.
- Thug Iontaobhas Uileloiscthe na hÉireann cuairt orainn chun léargas a thabhairt dúinn maidir leis an saol a bhí ann le linn an chogaidh agus sna campaí géibhinn mar ullmhúchán dár gcuairt go dtí Krakow.
- Turas Oideachasúil go Páras i mí Aibreáin inar thug na scoláirí cuairt ar an Túr Eiffel agus Disneyland. Tugadh an deis agus an taithí do na scoláirí le bheith nochta do theanga agus cultúr éagsúil. I mí na Nollag d'imigh 13 scoláire agus

Cuireadh acmhainní breise ar fáil do mheasúnuithe, pleananna litearthachta agus pleananna/tacaíocht foghlama ar leith dár gcuid scoláirí uile.	4 bhall foirne go dtí Krakow sa Pholainn ag tabhairt cuairte ar na sluachampaí Auschwitz agus Birkenau, Monarcha Schindler agus rinne siad turas siúlóide sa chathair.

Ógtheagmháil Dhún Dealgan

Comhordaitheoir: Margaret McDonnell

Teileafón: 042 9353591

R-phost: youthreachdundalk@lmetb.ie

Éachtaí/Forbairtí

- Reáchtáladh Searmanas Dhámhachtainí na nGnóthachtálaithe is Airde i gColáiste Beaufort College. Bhí scoláire i mbliain 1 den Ardteistiméireacht Fheidhmeach a bhuaigh duais sa Chomórtas Náisiúnta Filíochta de chuid Yeats.
- Chuir an tIonad Scileanna Réigiúnacha agus Oiliúna comhairle ar fáil do scoláirí maidir le printíseachtaí atá ar fáil.
- D'fhreastail Foireann Ógtheagmhála ar chruinniú Tusla do ghníomhaireachtaí a bhfuil baint acu le daoine óga.
- Bronnadh an t-airgead a bailíodh ó Mionaonach na Nollag ar Chlann Shíomóin a bhí eagraithe mar chuid de Gaisce.
- Ghlac líon scoláirí páirt i Spraoi Mór san Amharclann Barbacáin i nDroichead Átha i mí an Mhárta.
- Fuair an fhoireann oiliúint ó Zestlife ó thaobh "Ag Déileáil le hIompraíocht Dhúshlánach".
- Ghlac na scoláirí páirt i dturas cónaithe go dtí Sliabh Breagh mar chuid den mhéid a bhain siad amach le Gaisce.
- Chruthaigh scoláirí de chuid an QQI múrphictiúr don chlós.

Ógtheagmháil Dhroichead Átha

Comhordaitheoir: Stephen McArdle

Teileafón: 041 9839917

R-phost: youthreachdrogheda@lmetb.ie

Éachtaí/Forbairtí

- Gradaim Faisin Trashion 2015 (buaiteoir).
- Junk Kouture 2015 (sa chomórtas ceannais náisiúnta).
- Feabhsú leanúnach den ionad agus seomra caidrimh nua do scoláirí cruthaithe as seomra réamdhéanta nach raibh in úsáid roimhe seo.
- D'éirigh le hiarrthóir san Ardteimtiméireacht Fheidhmeach agus Leibhéal 3 de chuid QQI.
- Úsáid, ceannacháin agus athghléasadh TFC – feabhsú leanúnach ar an líonra agus an TF leathnaithe amach go dtí seomraí ranga nua
- Tinreamh ar laethanta oscailte na gcoláistí (DKIT, DIFE), cleachtaí cuairteoirí, comhoibriú leanúnach leis na scoileanna in aice láimhe.
- Rannpháirteach i Spraoi Mór
- Comhoibriú leanúnach leis na comhlachtaí reachtúla agus pobail uile, Oifigeach Idirchaidrimh Óige an Gharda Síochána, FSS/Tusla, ballraíocht de dhá choiste den CYPSC ina measc.

• Thug scoláirí de chuid an QQI cuairt ar an teach cúirte áitiúil mar chuid dá modúl um Fheasacht ar an gCoiriúlacht.	

Soláthar Cúrsaí Oíche

- Faoi láthair tá aon ionad déag ina bhfuil Cúrsaí Oíche ag Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí i gContae Lú agus i gContae na Mí. Is iad na Stiúrthóirí ar an Oideachas Aosach (Sealbhóirí Poist i ngach scoil/coláiste) a eagraíonn na cúrsaí oíche go háitiúil.

- Bíonn na cúrsaí ar siúl de ghnáth le linn an Earraigh agus an Fhómhair agus tá siad féinmhaoinithe. De ghnáth maireann na cúrsaí ar feadh 12 sheachtain, ach bíonn líon clár creidiúnaithe sheachtracha a chuirtear ar fáil ar feadh bliana nó dhá bhliain.

- Leis na cúrsaí oíche bíonn an deis ag foghlaimeoirí bualadh le daoine eile, scileanna nua a fhorbairt agus teastais chreidiúnaithe a bhaint amach agus a d'fhéadfaí deiseanna fostaíochta a chur ar fáil dá bharr. Déanann Scoileanna/Coláistí iarracht freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí aosaigh sna pobail áitiúla agus cláir caithimh aimsire, sainleasa agus chreidiúnaithe ag chur ar fáil don fhorbairt ghairmiúil.

- Is féidir le foghlaimeoirí clárú ar líne ag www.meathnightclasses.ie agus www.louthnightclassess.ie nó freastal ar oícheanta oscailte sna scoileanna a bhfuil baint acu leo.

- San áireamh sna samplaí den réimse leathan de chúrsaí a tairgeadh i rith an Fhómhair agus an Earraigh in 2015 bhí na hEalaíona agus Ceardaíocht, Grianghrafadóireacht, Scileanna Ríomhaireachta, leibhéal idirmheánach agus do thosaitheoirí, ECDL, dul siar ar Mhata agus Béarla na hArdteistiméireachta, Cócaireacht, Damhsa, Pilates, Spáinnis, cothabháil Rothar, Sláinte agus Folláine, Grúmaeireacht Madraí, Haitéireacht, modúil Cúram Leanaí leibhéil 5 agus 6, Modúil Cúram Sláinte, modúil riaracháin Ghnó & Teicneoirí Cuntasaíochta na hÉireann.

Dearbhú Cáilíochta agus Teastasú sa Bhreisoideachas & Oiliúint

Patricia Hehir

Teileafón: 046 9012151

R-phost: *phehir@lmetb.ie*

San Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas & Oiliúint) 2012 éilítear ar sholáthraithe a gcuid nósanna imeachta um dhearbhú cáilíochta a leagan amach a chuireann an cháilíocht chun cinn agus a thacaíonn léi sna cláir oideachais agus oiliúna a thairgtear. Is téarma é Dearbhú Cáilíochta a úsáidtear go hiondúil le cur síos a dhéanamh ar na próisis a dhéanann iarracht a chinntiú go mbaineann an timpeallacht foghlama tairseach cáilíochta inghlactha amach, agus ba chóir go mbeadh sé mar bhonn agus taca ag gníomhaíochtaí uile an BOO. Sna Príomhthreoirlínte DC Reachtúla a foilsíodh le déanaí a bhí forbartha ag an QQI (Aibreán 2016), aithníodh na réimsí seo a leanas mar ghnéithe ar chóir don tsoláthraí tabhairt fúthu faoi na ceithre phríomhthéama lena n-áirítear iad seo a leanas: Bainistíocht Cáilíochta, Seachadadh Clár, Soláthar Eolais agus Monatóireacht agus Athbhreithniú.

Uimhreacha Teastaithe do 2015

As na gnéithe tábhachtacha éagsúla den tseirbhís cáilíochta a chuirtear ar fáil d'fhoghlaimeoirí san BOOLM, réimse amháin inar féidir le foghlaimeoirí agus fostóirí araon breathnú air chun an dul chun cinn agus an méid atá bainte amach a thomhas ná an teastasú. In 2015, bhí 7207 dámhachtain ar an iomlán a bronnadh ar fhoghlaimeoirí, a bhí comhdhéanta de 1303 mórdhámhachtain agus 5904 miondámhachtain nó dámhachtain comhábhair. Ba mhná iad 67% de na rannpháirtithe uile agus ba fhir iad an 33% eile. Aithnítear na catagóirí aoise mar seo a leanas:

- 38%: 15-24 bliana d'aois
- 16%: 25-34 bliana d'aois
- 20%: 35-44 bliana d'aois
- 15%: 45-54 bliana d'aois
- 11%: 55 bliana d'aois agus níos sine.

Ba iad na príomhréimsí staidéir ar thug foghlaimeoirí fúthu ná:

- Cláir chineálacha agus foghlaim ghinearálta – 2082 dámhachtain
- Sláinte & Leas – 1859 dámhachtain
- Riarachán Gnó & Dlí – 1012 dámhachtain
- Seirbhísí – 834 dámhachtain
- Na hEalaíona & Daonnachtaí – 622 dámhachtain

Réimsí staidéir eile ba ea TFC, Talmhaíocht Foraois Iascaigh & Tréidliacht, Eolaíochtaí Sóisialta, agus Déantúsaíocht Innealtóireachta, a léiríonn réimse leathan soláthair san BOOLM.

Ar an iomlán ba chóir iarracht a dhéanamh go mbeadh an Dearbhú Cáilíochta mar phróiseas leanúnach agus an aidhm a bheadh ann ná na caighdeáin agus an taithí a choinneáil agus a fheabhsú d'fhoghlaimeoirí. Ba chóir go mbeadh sé mar infreastruchtúr ina bhfuil tacaíocht ar fáil a théann trí na gníomhaíochtaí uile ar fud na heagraíochta agus dá bhrí sin pobal cleachtais á fhorbairt atá tiomanta don tsoláthar cáilíochta.

Giniúint Ceoil

Stiúrthóir: **Gemma Murray**

Teileafón: **042 9364635**

R-phost: *musicgeneration@lmetb.ie*

Suíomh gréasáin: www.musicgenerationlouth.ie

Tá Giniúint Ceoil Lú mar chuid de Ghiniúint Ceoil, Clár Náisiúnta Oideachais Cheoil na hÉireann a bhfuil mar aidhm aige saol leanaí agus daoine óga a athrú ó bhonn trí rochtain a dhéanamh ar oideachas ceoil léirithe ardchaighdeáin ina gceantar áitiúil féin. Mar thionscnamh den Líonra Ceoil – tá Giniúint Ceoil cómhaoinithe ag U2, Cistí na hÉireann, An Roinn Oideachais agus Scileanna agus Comhpháirtíochtaí Oideachais Cheoil Áitiúla.

Tá bainistíocht á déanamh ar Ghiniúint Ceoil Lú ag Comhpháirtíocht Oideachais Cheoil Lú, faoi threoir Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí. Cuireann Cruthaigh Lú agus Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí agus Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan ioncam comhpháirtíochta áitiúil agus tacaíocht chomhchineáil ar fáil.

Éachtaí/Forbairtí

- Bhí tuairim is 3,500 leanbh agus duine óg rannpháirteach in 8 gclár a chuir foireann de 30 teagascóir ceoil ar fáil ar fud Chontae Lú.
- *Cuireadh leis na gníomhaíochtaí in 2015 chun leanaí agus daoine óga a shroicheadh in 29 scoil de chuid Lú agus 6 shuíomh pobail, idir seisiúin cheoil luathbhlianta, cláir cór agus uirlisí, ceardlanna cumadóireachta agus cleachtaí ensemble éagsúla.*
- San áireamh i mbuaicphointí léirithe na bliana bhí ceolchoirmeacha do theaghlaigh agus cairde ag an Ionad Barbacáin, Droichead Átha, Ionad Feá, Cairlinn, Ionad an Pharóiste, Baile Átha Fhirdhia, An Táin Dún Dealgan agus Rannóg Ceoil DkIT, Dún Dealgan ina raibh seóthaispeántais de chláir agus ensemble leanúnacha éagsúla a bunaíodh.

Seirbhísí Óige

An Mhí

Comhordaitheoir: Elma McMahon

Teileafón: 046 9068243

R-phost: emcmahon@lmetb.ie

- Plean Feabhsúcháin Leanúnach, Plean Dul Chun Cinn & oiliúint um Shamhail Loighce don Obair d'Ógra Éireann & A Bheith Rannpháirteach. Cuireadh an chéad tsraith den Chreatlach Náisiúnta um Chaighdeáin Cháilíochta. Rannpháirteach sna Grúpaí Óige Deonacha leis na Caighdeáin do na Clubanna Óige.
- Tacaíocht tugtha do na clubanna atá ann cheana féin agus forbairt déanta ar chlubanna nua. Níos mó ná 150 club sa Mhí.
- Comhordú déanta ar Ócáid Mhór Ceoil agus í curtha i láthair sa Táin, Spraoi Mór sa Bharbacán agus ag Gradam Filíochta Francis Ledwidge i gCaisleán Bhaile Shláine agus a raibh baint ag gach scoil san BOOLM ann.
- Bronnadh €46,187 ar 70 club óige faoin Scéim Deontas do Chlubanna Óige Áitiúla.
- Chláraigh 17 gceannaire óige in Obair Óige ag Leibhéal 5 de QQI (mórdámhachtain) le hOideachas Pobail.
- Cuireadh na Caighdeáin Náisiúnta Cháilíochta i bhfeidhm do Ghrúpaí Óige faoi Threoir Dheonach.
- Ball de Choiste Stiúrtha Chomhairle na nÓg agus fochoiste an CYPSE.
- Examination of Capital Funding for Youth

Seirbhísí Óige

Lú

Comhordaitheoir: Ian Walker

Teileafón: 042 9334047

R-phost: iwalker@lmetb.ie

- Maoiniú ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige tugtha d'Ionad Óige Dhún Dealgan le both taifeadta ceoil fuaimdhíonach agus bealach éalaithe ina bhfuil cosáin ghaolmhara a chur isteach.
- Maoiniú do Chlubanna Óige Deonacha Áitiúla - €31,750 bronnta ar 51 Club Óige.
- Chuir 18 mac léinn a chláraigh go páirtaimseartha in Obair Óige ag Leibhéal 5 de QQI (mórdhámhachtain) na 4 mhodúl seo a leanas i gcrích: Daoine Óga sa tSochaí, Tuiscint a fháil ar Obair Óige, Ag Obair le Daoine Óga agus Taithí Oibre.
- Obair forbartha ar Chreatlach Náisiúnta um Chaighdeáin Cháilíochta agus cuireadh Sraith a haon de na Tionscadail Óige uile arna mhaoiniú ag an RLGÓ (Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige) i gcrích. Cuireadh na Caighdeáin Náisiúnta Cháilíochta i bhfeidhm do Ghrúpaí Óige faoi Threoir Dheonach.
- Tionscadail Théamúla – Gníomhú Pobail chun Deireadh a chur le Caitheamh Tobac, maoiniú bronnta ar Chlub Óige Ó Méith agus Dhroichead Átha Theas. Bronnadh gradam do scannán gearr ar Ionad Óige Dhún Dealgan. (Gradaim ó Chumann Ailse na hÉireann).
- Child Protection courses in Dundalk and

Tionscadail an AE

Tá taithí leathan ag BOOLM maidir le comhordú a dhéanamh ar thionscadail atá maoinithe ag an AE a thugann faoi riachtanais leanaí scoile agus foghlaimeoirí aosaigh agus le bheith rannpháirteach iontu. Leis an gcaoi inar cuireadh na tionscadail i gcrích léirítear inniúlacht an BOOLM chun dul i ngleic le líon cuimsitheach foghlaimeoirí agus an cumas atá aige tionscadail a sholáthar laistigh den bhuiséad agus den tréimhse ama shonraithe. San áireamh sna tionscadail a bronnadh in 2015 bhí na cinn seo a leanas:

- **Tionscadal Aris:** an coincheap faoin 'gairm bheatha encore' ('encore career') inar féidir le daoine ag an bpríomhaois oibre -35 go 50 bliana d'aois, atá dífhostaithe ar feadh tréimhse fada, teacht ar dheiseanna athoiliúna chun scileanna nua a fháil atá oiriúnach don gheilleagar dianeolais agus chun cuidiú leo a ngairmeacha beatha a thosú an athuair ag leibhéal le scileanna níos fearr agus níos inbhuanaithe.
- **Léitheoirí ar Feadh an tSaoil (Lifelong Readers) 2.0:** Sa tionscadal seo tarraingítear ar an taithí ar fad a bhí sa tionscadal Léitheoirí ar Feadh an tSaoil 1.0 (LiRe) a bhí ann roimhe seo. Dírítear ar spreagadh agus treoir a thabhairt agus éascú a dhéanamh ar chultúir agus pobail léitheoireachta a chruthú i measc luathdhéagóirí agus déagóirí, agus i measc mac léinn ollscoile agus daoine fásta freisin ach úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí Web 2.0, amhail wikis, blaganna, twitter, Facebook agus cineálacha eile den léitheoireacht dhigiteach/shóisialta agus "Leabhair ag caint" ("book-talking")
- **Éiceachórais Nuálaíochta (Innovation Eco Systems):** Is é ata i gceist leis an tionscadal seo ná cuir chuige nuálaíochta nua a aithint, a thástáil agus a fhorbairt agus tástáil a dhéanamh orthu sa sféar VET (Gairmoideachas agus Gairmoiliúint) a mbeadh féidearthacht príomhshruthaithe acu.
- **Sinn agus Iadsan (Us and Them)**: na bealaí oideachais agus oiliúna d'oideoirí AE a láidriú. Is é aidhm an tionscadail chun cuidiú le forbairt a dhéanamh ar shraith scileanna agus cumas nua chun dul in oiriúint do thimpeallachtaí foghlama ina bhfuil cultúir agus cúlraí agus scileanna éagsúla maidir le dearcthaí dearfacha a chur i bhfeidhm i dtreo teangacha, cine, éagsúlachta cultúrtha agus eitní.
- **i- Decide:** Is tionscadal ceannródaíoch é seo, agus is é an aidhm atá ann tacaíocht a thabhairt don lucht déanta beartais, ceannairí scoile agus oideoirí ar conas beartais agus cleachtais uileghabhálacha a fhorbairt ina scoileanna.
- **SciFun:** An aidhm a bhaineann leis an tionscadal seo ná chun tabhairt faoin dúshlán maidir le bheith rannpháirteach san eolaíocht trí chur chuige nuálach i dtreo theagasc agus fhoghlaim na

heolaíochta. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo go mbeadh foghlaim na heolaíochta spraíúil agus ábhartha. Tógann an tionscadal ar an taithí den tionscadal SciFi Ed a bhí ann roimhe seo.

- **DIDO:** Sa tionscadal seo déanfar forbairt ar fhoireann acmhainní forbartha gairmiúla leanúnacha do mhúinteoirí, oiliúnóirí, meantóirí agus comhairleoirí a fhreastalóidh ar riachtanais theagascacha na ndaoine gairmiúla atá ag obair le réimse de thimpeallachtaí foghlama ionaid oibre éagsúla.

Ionad Scileanna Réigiúnacha agus Oiliúna Dún Dealgan

Bainisteoir Oiliúna an Cheantair: Peter Egan

Teileafón: 042 9355700

R-phost: recep.rst@lmetb.ie

Suíomh gréasáin: www.rstc.ie

Éachtaí/Forbairtí

- I mí na Bealtaine, lainseáil Margaret Reilly, Stiúrthóir Bainistíochta de CTR Manufacturing & Grand Designs Droichead Átha, an tIonad Scileanna Réigiúnacha agus Oiliúna go hoifigiúil. Chríochnaigh Margaret a printíseacht leis an Ionad Oiliúna i nDéanamh Caibinéad agus mar dhuine faoi oiliúint ar chúrsa lae lánaimseartha (Dearadh Ríomhchuidithe). Ansin, bhunaigh Margaret a gnó féin agus d'fhostaigh sí printísigh oilte.
- Bainistíocht Printíseachta – Monatóireacht ag an obair, clárú printíseach agus seirbhís chomhairleach d'fhostóirí. Faoi láthair tá os cionn 450 Fostóir agus níos mó ná 600 Printíseach ghníomhacha. D'ardaigh clárúcháin printíseachta go suntasach mar gheall ar an méadú i gcúrsaí fostaíochta.
- Rinne an ISRO bainistíocht ar ranganna sceidealaithe de Phrintísigh ag Céim 4 agus Céim 6 i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan. Cuireadh 14 chlár ag Céim 4 agus Céim 6 ar fáil do níos mó ná 200 Printíseach sa Leictreachas, Cearpantóireacht agus Siúinéireacht, Mótarmheicníc agus Leictreach.
- Trí Oiliúint ar Conradh, chuir an ISRO 60 cúrsa ar fáil do thart ar 1,200 foghlaimeoir ar fud réigiún an BOOLM. Bhain na cúrsaí seo uile a cuireadh ar fáil leis an margadh saothair agus fostaíodh an chuid is mó de na foghlaimeoirí láithreach nuair a d'éirigh leo an clár a chur i gcrích.
- Leis an gClár Oiliúna Pobail chuir an ISRO 9 dTionscnamh Oiliúna Áitiúil ar fáil ar fud Lú agus na Mí agus tugadh tacaíocht dóibh. Baineann foghlaimeoirí tacaíochta de chuid LTI cáilíocht agus fostaíocht má bhíonn siad faoi mhíbhuntáiste tíreolaíochta agus sóisialta. Arís fostaíodh an chuid is mó de na foghlaimeoirí nuair a chríochnaigh siad nó d'imigh siad ar aghaidh go dtí cláir bhreisoideachais agus oiliúna.

- Ionad Oiliúna Pobail an Mhighnéid: Athraíodh an tIonad ó bhonn in 2015 mar gheall ar obair an Bhoird Bhainistíochta agus na mBall Foirne. Ceapadh Paul Rosbotham mar bhainisteoir. Ceiliúradh na héachtaí ar Lá na nDámhachtainí i mí na Nollag nuair a bhain 37 foghlaimeoir Mórdhámhachtainí QQI amach ag Leibhéal 3, Leibhéal 4 agus Leibhéal 5.
- Chuir an ISRO oiliúint ar fáil do thart ar 150 foghlaimeoir a raibh níos mó tacaíochta de dhíth orthu/ riachtanais speisialta acu i Lú agus sa Mhí leis an gcomhpháirtíocht atá againn leis an Líonra Náisiúnta Foghlama.
- San Ionad Oiliúna ar Bhóthar Uí Chofaigh, Dún Dealgan, chuir an ISRO 120 cúrsa neamhphrintíseachta ar fáil do 1,340 Foghlaimeoir thar an speictream iomlán de réimsí oiliúna gairme. Fostaíodh an chuid is mó de na foghlaimeoirí nuair a chríochnaigh siad na cúrsaí seo nó d'imigh siad ar aghaidh go dtí cláir bhreisoideachais agus oiliúna
- In 2015, i gcomhar le SOLAS, rinne an ISRO monatóireacht agus dearbhú cáilíochta ar níos mó ná 300 cúrsa agus 1,000 Foghlaimeoir sa Scéim Teastaithe Scileanna Tógála (STST).
- In 2015 sholáthar agus dhear an ISRO líon cúrsaí nuálacha nua lena n-áirítear iad seo a leanas:
    - Clár Ionaid Ghlaonna Comhdhlúite i gcomhar le cuideachta íocaíochtaí digiteacha áitiúil i nDún Dealgan inar tairgeadh poist do 17 bhFoghlaimeoir as 19 bhFoghlaimeoir;
    - Clár tiomána bus gairmiúil le Cuideachta Bus áitiúil (Matthews) a chuir ionchuir theicniúla agus taithí oibre ar fáil;
    - Cúrsa d'Oibrithe Tógála a d'fhaomh Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta mar dhea-chleachtas agus a thugann scileanna gairmiúla do na Foghlaimeoirí le bheith ag obair mar Theicneoir Tógála. Cuireadh an clár ar fáil i nDroichead Átha, san Uaimh agus i nDún Dealgan;
    - Clár Innealtóireachta Ginearálta, RRU (Ríomhrialú Uimhriúil) san áireamh, atá dírithe ar dhaoine faoi bhun 25 bliana d'aois agus ag freagairt do riachtanais na ngnólachtaí innealtóireachta áitiúla. Tá na foghlaimeoirí ar thaithí oibre faoi láthair agus táimid ag obair i gcomhar leo le printíseachtaí innealtóireachta a dhaingniú.
- IN 2015 bhí an BOOLM tríd an ISRO gníomhach i dtograí a fhorbairt do phrintíseachtaí nua don Chomhairle Printíseachta agus i dtacaíocht a thabhairt dóibh. San áireamh anseo bhí an Bhúistéireacht, Miondíol Bia úr, TF, Cúram Leanaí, Tiománaí Gairmiúil, etc.

- Ar an 3ú Nollaig 2015 bhí an ISRO bródúil as an gceird nua Printíseachta d'Fheistiú Píobáin a lainseáil san Ionad Oiliúna i nDún Dealgan. Cuirfear an clár ar fáil san ISRO agus cuirfidh printísigh as Éirinn ar fad a gCéimeanna 2, 4 agus 6 agus oiliúint lasmuigh den obair i gcrích.
- In 2015 fuair an ISRO an tÉacht "Ionad Barr Feabhais Den Scoth" a bronnadh ar an ISRO i Dún Dealgan mar gheall ar an mbarr feabhais i soláthar na hOiliúna TF.